European Asylum Support Office

# Tuarascáil ghinearálta bhliantúil EASO 2014




Meitheamh 2015

SUPPORT IS OUR MISSION

**EASO**

***In 2014***

- **2014** Participants to meetings
- **100** Contributions from civil society received
- **Stage II** EPS stage II fully implemented
- **1** Working arrangement with eu-LISA
- **70** Civil society organizations consulted
- **4** Training modules updated
- **34** Publications
- **3** High level visits
- **4** Operational support plans
- **1** New training module
- **6** Joint processing pilots
- **117** Meetings/ workshops organized
- **3** Joint Contact Committee meetings

European Asylum Support Office

# Tuarascáil ghinearálta bhliantúil EASO 2014

Meitheamh 2015

SUPPORT IS OUR MISSION

***Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach.***

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00800 nó d'fhéadfaí táillí a ghearradh ar na glaonna seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an tuarascáil an 8 Meitheamh 2015.

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

PDF ISBN 978-92-9243-470-0 ISSN 2314-9825 doi:10.2847/89667 BZ-AD-15-001-GA-N

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn 2015

Níl EASO ná aon duine a ghníomhaíonn ar a shon freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá anseo istigh.

# Clár Ábhair

**Liosta giorrúchán** ..... **4**
**Réamhrá** ..... **5**
**Achoimre Feidhmiúcháin** ..... **6**
**1. An radharc a leagan: forbairtí ábhartha in 2014** ..... **8**
**2. Tosaíochtaí EASO in 2014** ..... **9**
**3. An méid a bhain EASO amach in 2014 de réir gníomhaíochta** ..... **10**
*3.1. Tacaíocht Bhuan* ..... *10*
3.1.1. Oiliúint ..... 10
3.1.2. Tacaíocht cháilíochta ..... 11
3.1.3. Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (COI) ..... 12
3.1.4. Cláir shonracha EASO ..... 14
3.1.4.1. Comhoibriú le comhaltaí na gCúirteanna agus na mBinsí fiosrúcháin ..... 14
3.1.4.2. Gníomhaíochtaí laistigh de phlean gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha ..... 14
3.1.4.3. Gáinneáil ar dhaoine (THB) ..... 15
3.1.5 Glacadh ..... 15
3.1.6. Liosta EASO na dteangacha a bhfuil fáil orthu ..... 15
*3.2. Tacaíocht speisialta EASO* ..... *16*
3.2.1. Tacaíocht do Bhallstáit a bhfuil riachtanas ar leith acu ..... 16
3.2.2. Athlonnú ..... 17
3.2.3. Tascfhórsa na Meánmhara ..... 17
*3.3. Tacaíocht éigeandála EASO* ..... *18*
3.3.1. Plean Oibriúcháin don Ghréig ..... 18
3.3.2. Plean oibriúcháin don Bhulgáir ..... 19
3.3.3. Tacaíocht d’ullmhacht don éigeandáil ..... 19
*3.4. Tacaíocht faisnéise agus anailíse EASO* ..... *20*
3.4.1. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) ..... 20
3.4.2. Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE 2013 ..... 21
3.4.3. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) ..... 21
*3.5. Tacaíocht tríú tíre EASO* ..... *22*
3.5.1. Athshocrú ..... 22
3.5.2. An ghné sheachtrach agus tógáil acmhainne i dtríú tíortha ..... 22
**4. Creat agus líonra EASO** ..... **23**
*4.1. Bord Bainistíochta* ..... *23*
*4.2. Comhar leis an gCoimisiún Eorpach, Comhairle AE agus Parlaimint na hEorpa* ..... *24*
*4.3. Comhar le UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile* ..... *25*
*4.4. Comhar leis na tíortha comhlachaithe* ..... *26*
*4.5. Comhar le Gníomhaireachtaí AE* ..... *26*
*4.6. An Fóram Comhchomhairleach* ..... *27*
**5. Eagrúchán EASO** ..... **28**
*5.1. Bainistíocht acmhainní* ..... *28*
*5.2. Cumarsáid inmheánach agus seachtrach* ..... *29*
*5.3. Meastóireacht sheachtrach EASO* ..... *30*
**6. Iarscríbhinní** ..... **31**
*6.1. Feidhmiú buiséid agus tuarascáil airgeadais* ..... *31*
*6.2. Briseadh síos ar fhoireann EASO ón 31 Nollaig 2014* ..... *33*
*6.3. Foilseacháin EASO in 2014* ..... *35*

# Liosta giorrúchán

| | |
|---|---|
| **AEAJ** | Cumann Bhreithiúna Riaracháin na hEorpa |
| **DIT** | An Díorma um Idirghabháil Tearmainn |
| **APD** | An Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn |
| **ATCR** | Comharliúcháin Thrípháirteacha Bhliantúla ar Athlonnú |
| **AST** | Foireann Tacaíochta Tearmainn |
| **CEAS** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **CEPOL** | An Coláiste Eorpach Póilíneachta |
| **COI** | Faisnéis Faoin Tír Thionscnaimh |
| **EASO** | An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |
| **EIGE** | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne |
| **EMCDDA** | An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí |
| **EMN** | Gréasán Imirce na hEorpa |
| **ENPI** | An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht |
| **EPRA** | Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh |
| **EPS** | Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta |
| **EU** | An tAontas Eorpach |
| **eu-LISA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistíocht Oibríochtúil na gCóras TF ar Mhórscála i Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais |
| **EUROJUST** | Aonad an Aontais Eorpaigh um Chomhar Breithiúnach |
| **EUROPOL** | An Oifig Eorpach Póilíní |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh |
| **GDISC** | Comhdháil Stiúrthóirí Ginearálta na Seirbhísí Inimirce |
| **GPS** | An Grúpa um Sholáthar Staidrimh |
| **IALN** | An Líonra Dlíthiúil Idir-Ghníomhaireachta |
| **IARLJ** | Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe |
| **IDS** | Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta |
| **IGC** | Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe |
| **IOM** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **CGB** | Ceartas agus Gnóthaí Baile |
| **LGB** | Lucht leispiach, aerach agus déghnéasach |
| **MFF** | Creat airgeadais ilbhliantúil |
| **MSPP** | Plean beartais foirne ilbhliantúil |
| **NCP** | Pointe náisiúnta teagmhála |
| **RDPPanna** | Cláir um fhorbairt agus chosaint réigiúnach |
| **THB** | Gáinneáil ar dhaoine |
| **UNHCR** | Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |

# Réamhrá

Léirítear i **dTuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO** a raibh bainte amach ag an nGníomhaireacht in 2014 agus na hacmhainní a úsáideadh chuige sin. Tá leagan amach na tuarascála díreach comhchosúil le Clár Oibre Bliantúil EASO 2014 agus tugtar mionchuntas inti ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí agus táscairí feidhmíochta mar atá sainaitheanta sa chlár oibre bliantúil.

Cuirtear príomhfhaisnéis ar fáil inti freisin a bhaineann le heagrúchán EASO, foilseachán agus le bainistíocht na n-acmhainní daonna agus airgeadais.

Agus Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí mar a tugadh uirthi roimhe, ullmhaítear an Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil de réir Airteagal 29 (1) (c) den Rialachán EASO agus ghlac Bord Bainistíochta EASO léi an 8 Meitheamh 2015. Seoltar an Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, agus an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus an Chúirt Iniúchóirí ar dháta nach déanaí ná an 15 Meitheamh 2015. Cáipéis phoiblí is ea an Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil agus tá sí ar fáil i ngach teanga oifigiúil AE.

In 2015, tar éis na Cumársáide maidir le treoirlínte ar cháipéis chlárúcháin do ghníomhaireachtaí díláraithe (C(2014)9641) an 16 Nollaig 2014, rinne EASO **Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí 2014** a dréachtaíodh de réir na gceanglas nua maidir le tuairisciú arna mbunú ag an Rialachán Réime Airgeadais (Airteagal 47). Áirítear dearbhú ráthaíochta ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí, ag lua gur fíor agus ceart an bharúil a léirítear san fhaisnéis atá sa tuarascáil, ar úsáideadh na hacmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí mar a beartaíodh ar aon dul leis an bprionsabal bainistíochta fónta airgeadais agus go dtugann na rialuithe a chuirtear i bhfeidhm na ráthaíochtaí mar is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart; go n-áirítear leis na cuntais chríochnaitheacha 2014, tuarascálacha forleathana buiséadacha agus bainistíocha airgeadais, na rialuithe inmheánacha a d’fhorbair an Ghníomhaireacht, na hiniúchtaí inmheánacha agus seachtracha a rinneadh le linn na bliana atá i gceist, chomh maith le faisnéis maidir le rochtain ar cháipéisí agus le foilseacháin EASO.

Tá Cuid I (Mórghníomhartha Beartais) de Thuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil Chomhdhlúite EASO bunaithe ar an Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil.

Seolfar an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí, in éineacht leis an measúnú ar Bhord Bainistíochta EASO, chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, agus an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus an Chúirt Iniúchóirí ar dháta nach déanaí ná an 1 Iúil 2015.

# Achoimre Feidhmiúcháin

Féadfar na gníomhaíochtaí a chuir EASO chun feidhme in 2014 a roinnt ina chúig limistéar dírithe seo a leanas: tacaíocht bhuan, tacaíocht speisialta, tacaíocht éigeandála, tacaíocht faisnéise agus anailíse agus tacaíocht tríú tíre.

Laistigh dá chuid gníomhaíochtaí a bhaineann le **tacaíocht bhuan**, rinne EASO 13 sheisiún oiliúna don oiliúnóir a sheachadadh, ceithre sheisiún oiliúna réigiúnacha a eagrú, modúl oiliúna úrnua amháin a fhorbairt agus ceithre mhodúl a leasú chun dáta, dhá lámhleabhar oiliúna a fhorbairt agus Tuarascáil Oiliúna Bhliantúil bunaithe ar an gcroí oiliúna, Seimineár Teagascach Bliantúil a eagrú, dhá chruinniú um oiliúint phointí teagmhála náisiúnta agus chuir tús le próiseas teistiúcháin chóras oiliúna EASO.

Áiríodh in obair EASO i dtaca le cáilíocht próiseas agus cinnteoireacht tearmainn, mapáil théamach ar rochtain ar nós imeachta, sainaithint daoine a bhfuil riachtanais speisialta agus nósanna imeachta speisialta acu, treoracha praiticiúla ar agallamh pearsanta a fhorbairt agus ar mheasúnú fianaise, trí chruinniú théamacha, ocht gcruinniú grúpa oibre agus cruinniú le pointí teagmhála náisiúnta maidir le cáilíocht. Ina theannta sin, rinne EASO comhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin a neartú trí chomhdháil bhliantúil agus trí chruinniú saineolaithe a eagrú agus trí áis phraiticiúil a fhorbairt ar Airteagal 15 (c) den treoir maidir le cáilíochtaí. Sa réimse a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine, chomhordaigh EASO tuarascáil ar "Chomhghníomhaíochtaí" a d'fhorbair Gníomhaireachtaí um Cheartas agus um Ghnóthaí baile le tabhairt faoi THB ó Dheireadh Fómhair 2012 go Deireadh Fómhair 2014 agus d'eagraigh cruinniú saineolaithe amháin.

Eagraíodh comhdháil EASO um chomhar praiticiúil ar mhionaoisigh neamhthionlactha agus ceithre chruinniú théamacha agus foilseachán ar rianú teaghlaigh agus cuireadh tús le meastóireacht ar an bhfoilseachán *EASO age assessment practice in Europe* (Cleachtas EASO maidir le measúnú aoise san Eoraip).

Maidir le Faisnéis faoin tír thionscnaimh (COI), rinne EASO forbairt bhreise ar an tairseach COI, rud a d'fhreastail ar 580 úsáideoir gníomhacha, chruthaigh ceithre líonra shonracha COI ar an Iaráin, an Iaráic, an Rúis, agus an Afganastáin, d'eagraigh dhá chruinniú agus ceithre sheisiún oiliúna do Riarthóirí na Comh-Thairsí Náisiúnta, dhá chruinniú den Líonra COI Straitéiseach, agus 13 cheardlann agus sheiminár a bhain le tír ar leith. Ina theannta sin, rinne EASO dhá thuarascáil COI (ar an tSomáil agus an tSeisnia) agus foilseachán ar "Uirlisí agus leideanna maidir le taighde COI".

Tugadh **tacaíocht ar leith** don Iodáil, rud a chríochnaigh cur chun feidhme an Phlean Tacaíochta Speisialta a tosaíodh in 2014, agus, ó Mheitheamh 2014, don Chipir. D'eagraigh EASO líon cruinnithe um chomhar praiticiúil maidir le huirlisí le tacaíocht a thabhairt, pleanáil theagmhasach, athlonnú agus glacadh.

Anuas air sin, chuir EASO, i gcomhoibrú le páirtithe leasmhara eile, ocht ngníomh chun feidhme laistigh de chreat Thascfhórsa na Meánmhara, lena n-áiríodh sé threoirthionscadal ar chomhphróiseáil iarratas ar thearmann agus treoirthionscadal amháin ar an bhfeiniméan maidir le daoine a iarrann cosaint idirnáisiúnta a éascú.

Thug EASO **tacaíocht éigeandála** don Ghréig agus don Bhulgáir agus cur chun feidhme na bpleananna oibriúcháin faoi seach á gcur i gcrích leis. D'eagraigh EASO dhá chruinniú de phointí teagmhála náisiúnta an Díorma um Idirghabháil Tearmainn.

Maidir le **tacaíocht faisnéise agus anailíse**, d'fhoilsigh EASO Tuarascáil Bhliantúil 2013 ar staid an tearmainn in AE le hionchur ó thimpeall 40 páirtí leasmhara. Anuas air sin, d'fhorbair EASO trí thuarascáil tearmainn ráithiúil, 12 thuarascáil tearmainn mhíosúil agus seacht dtuarascáil *ad hoc*. Thairis sin, d'eagraigh EASO dhá chruinniú leis an nGrúpa um Sholáthar Staidrimh (GPS), chuir céim II dá Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) chun feidhme go hiomlán agus d'fhorbair togra do chéim III EPS.

Maidir le **tacaíocht tríú tíre**, lean EASO lena Straitéis um an Ghné Sheachtrach EASO a chur chun feidhme, go háirithe trí thionscadal Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI) a chur chun feidhme leis an Iordáin, an Túinéis agus Maracó. Bhunaigh EASO Líonra um an Ghné Sheachtrach agus d'eagraigh EASO dhá chruinniú um chomhar praiticiúil. Ghlac EASO páirt san Fhóram Bliantúil um Athlonnú an 25 Meán Fómhair 2014 agus cuireadh mapáil na dtimthriallta athlonnaithe sna Ballstáit i gcrích.


Maidir le **heagrúchán agus comhoibriú EASO le páirtithe leasmhara,** d'eagraigh EASO trí chruinniú den Bhord Bainistíochta, shínigh sé socrú oibre le eu-LISA, thionóil sé an 4ú cruinniú den Fhóram Comhchomhairleach agus chuaigh sé i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta i dtaca le hábhair éagsúla. In 2014, bhí EASO mar chathaoirleach ar líonra na ngníomhaireachtaí CGB, ina raibh trí chruinniú don ghrúpa teagmhála agus tionóladh cruinnithe do Cheannasaithe na ngníomhaireachtaí CGB. Eagraíodh cuairteanna ardleibhéil éagsúla; lena n-áiríodh Ard-Choimisinéir NA le haghaidh Dídeanaithe, an tUas. António Guterres, agus an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile Cecilia Malmström a óstáil. Ar

deireadh, neartaigh EASO a cumarsáid inmheánach agus seachtrach: glacadh straitéis chumarsáide, eisíodh preaseisiúintí go rialta agus eagraíodh lá faisnéise EASO an 19 Meitheamh 2014 i mBallstáit agus i bParlaimint na hEorpa. Ar deireadh, d'eagraigh EASO trí Chomhchruinniú Coiste Teagmhálaithe leis an gCoimisiún Eorpach ar an treoir maidir le cáilíochtaí, Córas Bhaile Átha Cliath agus an treoir um nósanna imeachta tearmainn. Lainseáladh an mheastóireacht sheachtrach ar EASO in 2014.

| Príomhthorthaí EASO in 2014 |
|---|
| 117 gcruinniú agus ceardlann eagraithe |
| 2 014 rannpháirtí chuig cruinnithe agus ceardlanna |
| 1 mhodúl oiliúna nua |
| 4 mhodúl oiliúna leasaithe chun dáta |
| 100 ionchur faighte ón tsochaí shibhialta |
| Comhairle le 70 eagraíocht na sochaí sibhialta |
| EPS céim II curtha chun feidhme go hiomlán |
| 6 threoirthionscadal ar chomhphróiseáil agus 1 threoirthionscadal ar bhailiú faisnéise ar fheiniméan maidir le héascú le linn phróiseas cinnte an tearmainn. |
| 4 phlean tacaíochta oibriúcháin |
| 34 fhoilseachán |
| 3 chuairt ardleibhéil |
| Cathaoirleacht de líonra Gníomhaireachtaí CGB |
| Socrú oibre le eu-LISA curtha i gcrích |
| 3 Chomhchruinniú Coiste Teagmhálaithe arna n-eagrú leis an gCoimisiún Eorpach |

# 1. An radharc a leagan: forbairtí ábhartha in 2014

Chonacthas méadú a leithéid nár tháinig riamh roimhe in 2014 ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta in AE+, 662 825 acu san iomlán ([1]).




**Fíor 1: An ceathrú bliain i ndiaidh a chéile i méadú ar iarratasóirí ar thearmann in AE+**

Rinneadh forbairtí tábhachtacha in 2014 freisin i leibhéal beartais sa réimse Ceartais agus um Ghnóthaí Baile, le 8ú Parlaimint na hEorpa a thoghadh agus le Coimisiún Eorpach nua a cheapadh. Sa chreat seo, rinne EASO iarrachtaí le barúlacha a mhalartú agus chomhordaigh, in éineacht le gníomhaireachtaí eile um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, soláthar ionchur bunaithe ar fhianaise a sholáthar don díospóireacht bheartais agus don phróiseas cinnteoireachta.

Chríochnaigh Clár Stocólm agus an Plean Gníomhaíochta aige a thréimhse chúig bliana ag deireadh 2014. I dtaca leis sin, ghlac an Chomhairle Eorpach ina cruinniú i Meitheamh 2014 le treoirlínte straitéiseacha maidir le pleanáil reachtach agus oibríochtúil do na blianta amach anseo sa réimse CGB ([2]). In ullmhú don chruinniú sin, iarradh ar Chomhairle AE tabhairt faoi phróiseas athmhachnaimh agus tugadh cuireadh don Choimisiún ionchur a chur i láthair. Mar chuid den phróiseas sin, thionóil Comhairle AE roinnt cruinnithe le todhchaí bheartais CGB a phlé. Chomh maith leis sin, ghlac an Coimisiún le dhá Chumarsáid an 11 Márta 2014 ar cheartas agus gnóthaí bhaile dar teideal, "The EU Justice Agenda for 2020 — Strengthening Trust, Mobility and Growth within the Union" (COM (2014) 144) ([3]) agus "An open and secure Europe: making it happen" (COM (2014) 154) ([4]) faoi seach. Thug EASO ionchur don phróiseas sin trí pháipéar dar teideal "Implementing the CEAS in full. Translating legislation into action" ([5]). Ar deireadh, ghlac Parlaimint na hEorpa an 4 Márta 2014 le tuarascáil ([6]) ar athbhreithniú meántéarmach ar Chlár Stocólm.

De réir na dtreoirlínte nua, is í an tosaíocht foriomlán na hionstraimí dlí agus na bearta beartais atá i bhfeidhm a thrasuí, a chur chun feidhme go héifeachtach agus a dhaingniú go seasmhach. Is é an cuspóir an dul chun cinn i dtreo limistéar saoirse, cirt agus slándála trí bhainistíocht níos fearr ar gach gné den imirce, trí chosc a chur ar choir agus ar sceimhlitheoireacht agus iad a chomhraic agus trí chomhar breithiúnach ar fud an Aontais a fheabhsú. D'iarr Uachtarán nuacheaptha an Choimisiúin Eorpaigh, an tUas. Juncker, ina litir mhisin ([7]) chuig an gCoimisinéir um Imirce, Gnóthaí Baile agus Saoránacht (an tUas. Avramopoulos), i Samhain 2014 ról feabhsaithe don EASO agus go gcuirfeadh an Comhchóras Eorpach Tearmainn chun feidhme ina iomláine agus go mbeadh sé infheidhme.

Threisigh na tosaíochtaí a leag Institiúidí AE síos go mbíonn freagracht agus dlúthpháirtíocht fite fuaite ina chéile i réimse an tearmainn. Dá réir sin, príomhghníomhaí oibriúcháin is ea EASO ag díriú ar ardchaighdeáin choitinn i gcleachtais agus ar chomhoibriú níos láidre, ag cruthú cothroime iomaíochta ina gcinntear agus ina bpléitear le cásanna tearmainn comhchosúla agus sa dóigh chéanna ar fud an Aontais. Cuirfidh cleachtais comhtháite agus comhoiliúint feabhas ar iontaoibh fhrithpháirteach. Chuige sin, i gcomhlíonadh iomlán a shainordaithe, lean EASO le clár comhoiliúna a fhorbairt, a cuireadh in oiriúint don *acquis* tearmainn athmhúnlaithe, agus sholáthair tacaíocht oibriúcháin agus cúnamh ar fáil do chórais tearmainn na mBallstát siúd a raibh riachtanais ar leith sainaitheanta acu, go háirithe don Bhulgáir, don Chipir, don Ghréig agus don Iodáil. Ina theannta sin, bhunaigh EASO treoirthionscadail ar chomhphróiseáil iarratas ar thearmann i mBallstáit, ar phróiseáil iarratas ar thearmann níos tapa éifeachtaí a éascú, le meas iomlán ar AE agus ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta lena mbaineann. Rinne EASO a Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhacht a neartú tuilleadh, rud a sholáthraíonn tuarascálacha ar anailís treochtaí do Bhallstáit ar bhonn míosúil, ráithiúil agus bliantúil, chun an cás tearmainn in AE a fhiosrú.

([1]) Tuarascáil Bhliantúil EASO ar staid an tearmainn in AE 2014.

([2]) http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/ec/143478.pdf

([3]) http://ec.europa.eu/justice/effective-justice/files/com_2014_144_en.pdf

([4]) http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/e-library/documents/basic-documents/docs/an_open_and_secure_europe_-_making_it_happen_en.pdf

([5]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-written-contribution-in-full1.pdf

([6]) http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?pubRef=-//EP//NONSGML+REPORT+A7-2014-0153+0+DOC+PDF+V0//EN

([7]) http://ec.europa.eu/commission/sites/cwt/files/commissioner_mission_letters/avramopoulos_en.pdf



**Pictiúr 1: Ard-Choimisinéir NA le haghaidh Dídeanaithe ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta EASO**

I dtaca leis an eagraíocht inmheánach, measadh go raibh EASO ina céim thionscnaimh go fóill in 2014, cuireadh sriantacht bhuiséid ar EASO, agus mar thoradh air sin bhí laghdú teoranta ar na hacmhainní daonna agus buiséid réamhbheartaithe. Ba é 79 an líon foirne in EASO in 2014 agus bhí EUR 15 mhilliún de bhuiséad aici i leithreasaí tiomanta agus íocaíochta. Tosaíodh ar mheastóireacht sheachtrach ar EASO in 2014 agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích faoi Iúil 2015 é.

# 2. Tosaíochtaí EASO in 2014

In 2014, dhírigh EASO ar thacú leis na Ballstáit i gcur i bhfeidhm na gcúig ionstraim athmhúnlaithe dlí AE maidir le tearmann a leagann síos an bonn don dara chéim CEAS: an treoir maidir le cáilíochtaí (Treoir 2011/95/AE), Rialachán Bhaile Átha Cliath III (Rialachán (AE) Uimh. 604/2013), an treoir maidir le coinníollacha ar ghlacadh (Treoir 2013/33/AE), an treoir maidir le nós imeachta tearmainn (Treoir 2013/32/AE) agus an rialachán Eurodac (Rialachán (AE) Uimh. 603/2013). Bhí ról mór ag EASO i dtacú le Ballstáit sa phróiseas seo trí réimse leathan d'uirlisí atá á bhforbairt chun an aidhm seo a bhaint amach. Agus na huirlisí seo á bhforbairt, chuir EASO san áireamh na dea-chleachtais atá ann agus beartais chomhair phraiticiúil chun comhlántacht a dheimhniú agus chun dúbláil a sheachaint. Ar deireadh, chuir EASO na bearta i bhfeidhm mar a thuar Tascfhórsa na Meánmhara.

| Tosaíochtaí EASO 2014 |
|---|
| **Tacú leis na Ballstáit le pacáiste tearmann athmhúnlaithe a chur chun feidhme trí oiliúint, gníomhaíochtaí comhair phraiticiúil, COI agus tuarascálacha cáilíochta.** |
| **Córas luathrabhaidh agus ullmhachta EASO a fhorbairt tuilleadh** |
| **Tacaíocht oibríochtúil a sholáthar don Ghréig i gcomhréir le céim II den phlean oibriúcháin agus tacaíocht speisialta don Iodáil, don Bhulgáir agus don Chipir** |
| **Bearta Tascfhórsa na Meánmhara a chur chun feidhme** |

# 3. An méid a bhain EASO amach in 2014 de réir gníomhaíochta

## 3.1. Tacaíocht Bhuan

Is é is aidhm le tacaíocht bhuan EASO do Bhallstáit tacú le CEAS a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcóras tearmainn. Tá sé mar aidhm sa tacaíocht sin cur chun feidhme comhsheasmhach CEAS a chur chun cinn laistigh den Aontas Eorpach agus eolas agus scileanna, eagraíocht agus nósanna imeachta, faisnéis, acmhainní agus dea-chleachtais choiteanna a chomhroinnt. Seo a leanas atá i gceist le tacaíocht bhuan EASO:

- Oiliúint EASO;
- tacaíocht cháilíochta;
- COI;
- glacadh;
- cláir shonracha, amhail comhar EASO le Ballstáit agus Cúirteanna na hEorpa agus binsí fiosrúcháin agus gníomhaíochtaí i dtaca le mionaoisigh neamhthionlactha, le liosta na dteangacha atá ar fáil agus le comhar ar gháinneáil ar dhaoine a chosc.

### 3.1.1. Oiliúint

| Torthaí oiliúna EASO in 2014 |
|---|
| **179 rannpháirtí i 13 sheisiún oiliúna don oiliúnóir a eagraíodh i Málta.** |
| **108 rannpháirtí i 4 sheisiún oiliúna réigiúnach eagraithe laistigh den straitéis maidir le Gné Sheachtrach** |
| **2 533 rannpháirtí i 179 seisiún oiliúna náisiúnta curtha i bhfeidhm** |
| **1 mhodúl oiliúna úrnua forbartha** |
| **4 mhodúl leasaithe chun dáta** |
| **3 lámhleabhar foilsithe (CEAS, Cuimsiú, Teicnící Agallaimh)** |
| **An córas teistiúcháin forbartha** |

Thacaigh gníomhaíochtaí oiliúna EASO in 2014 le Ballstáit le forbairt bhreise a dhéanamh ar scileanna agus inniúlachtaí a mball foirne trí oiliúint cháilíochtúil choiteann. Chuidigh oiliúint EASO le cur chun feidhme comhtháite an CEAS trí thacú le cleachtais choiteann agus nósanna imeachta coiteann a bhunú ar fud AE. I gcomhréir leis an gcreat a cruthaíodh sa Straitéis Oiliúna ([8]) ar glacadh léi in 2012, ba chur chuige dérian a bhí ag EASO: ar thaobh amháin, d'fhorbair EASO ábhair oiliúna ábhartha; agus ar an taobh eile, d'eagraigh EASO oiliúint bunaithe ar an gcóras um oiliúint don oiliúnóir. Clúdaítear i gCuraclam Oiliúna EASO ([9]) príomhghnéithe den nós imeachta tearmainn trí 14 mhodúl idirghníomhacha a bhfuil modheolaíocht bunaithe ar fhoghlaim chumaisc mar bhonn leo agus a bhfuil idir sheisiúin ríomhfhoghlama agus aghaidh ar aghaidh san áireamh iontu. Ina cuid oibre ar oiliúint bíonn EASO ag comhoibriú go dlúth le buíon saineolaithe as Ballstáit agus Tíortha Comhlachaithe. Déanann EASO comhairliúcháin dírithe rialta le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus sochaí shibialta maidir le hábhair oiliúna. Bhain tábhacht ar leith sa chomhthéacs seo leis an obair a rinne grúpa tagartha arna bhunú ag EASO, grúpa ar a raibh ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, UNHCR, an Líonra Odysseus agus an Chomhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus Dheoraithe (ECRE), a bhfuil ról tábhachtach aige i bpróiseas forbartha na hoiliúna. Ina theannta sin, reáchtáladh cruinnithe leis na pointí teagmhála náisiúnta oiliúna i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2014, agus eagraíodh an seimineár bliantúil teagascach i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Le linn 2014, rinneadh 13 sheisiún oiliúna don oiliúnóir a sheachadadh sna modúil mar seo a leanas: Cuimsiú, Leanaí a Chur Faoi Agallamh, Dréachtú agus Cinnteoireacht, Measúnú Fianaise, Teicnící Agallaimh, CEAS, Daoine Leochaileacht a Chur Faoi Agallamh, COI, Modúl do Bhainisteoirí, Rialachán Bhaile Átha Cliath III (dhá sheisiún), An Treoir maidir le Nós Imeachta Tearmainn agus Eisiamh. Ghlac 179 oiliúnaí as 23 Bhallstát páirteach sna seisiúin Oiliúint don Oiliúnóir (lena n-áirítear naoi rannpháirtí as foireann EASO) agus ba é a leibhéal sástachta 80 % ar an meán. Den chéad uair, agus chun rannpháirtíocht níos forleithne a éascú, d'eagraigh EASO líon seisiún oiliúna réigiúnach a raibh meascán modúl iontu. Seachadadh 8 seisiún oiliúna don oiliúnóir i 4 sheisiún oiliúna réigiúnach i Vársá, Vín, sa Bhruiséil (sa Fhraincis) agus sa Róimh, agus eagraíodh seisiún amháin laistigh de Ghné Sheachtrach EASO in Iostanbúl. Bhí 108 oifigeach tearmainn as Ballstáit, as tíortha na mBalcán Thiar agus as an Iordáin, an Túinéis agus Maracó (tíortha ENPI) rannpháirteach sna seisiúin sin.

Cuireadh 179 seisiún oiliúna náisiúnta i bhfeidhm i 19 mBallstát, ag cur 2 533 oifigeach faoi oiliúint.

([8]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-Training-strategy.pdf

([9]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/BZ0413152ENC.pdf



Pictiúr 2: Seisiún oiliúna don oiliúnóir EASO

Rinneadh iarrachtaí ollmhóra in 2014 le húsáideacht Churaclam Oiliúna EASO a dhéanamh níos forleithne trí aistriúchán i dteangacha breise a chur ar mhodúil dhifriúla agus trína gcur ar fáil ar an ardán ríomhfhoghlama. Rinneadh aistriúchán ar an modúl ar Chuimsiú in ocht dteanga, ar Mheasúnú Fianaise i dtrí theanga, ar Theicnící Agallaimh in dhá theanga, ar CEAS agus Leanaí a Chur Faoi Agallamh i dteanga amháin. Leasaíodh ceithre mhodúl agus rinneadh forbairt ar Mhodúl do Bhainisteoirí. Anuas air sin thosaigh EASO ar fhorbairt ar an modúl ar Ghlacadh agus rinne EASO forbairt bhreise ar an modúl “Gender, Gender Identity and Sexual Orientation” (Inscne, Féiniúlacht Inscne agus Gnéaschlaonadh), agus cuirfear an bheirt acu i gcrích in 2015.

Thairis sin, rinneadh dul chun cinn i bhforbairt teistiúcháin d’oiliúint EASO. Tionóladh cruinnithe le Bord Saineolaithe den Chreat Cáilíochta Earnála agus le sainchomhairleoirí seachtracha le tabhairt faoin obair ullmhúcháin le hathrú ó Chuspóirí Foghlama go Torthaí Foghlama, agus ar an gcaoi sin, an leasú sin a léiriú i ngach modúl churaclam oiliúna EASO.

D’fhoilsigh EASO lámhleabhair ar Chuimsiú, CEAS agus Teicnící Agallaimh agus d’fhorbair EASO an lámhleabhar ar Dhaoine Leochaileacht a Chur Faoi Agallamh.

Is é is aidhm atá leis na lámhleabhair oiliúna seo bheith mar ais dóibh siúd a chríochnaigh seisiúin ríomhfhoghlama aghaidh ar aghaidh ar na modúil oiliúna faoi seach cheana. Tá na lámhleabhair ann le húsáid ag cleachtóirí tearmainn ina gcuid oibre gach lá trí achoimre a chur ar fáil ar na príomhchodanna den ábhar oiliúna. Is ais iad freisin na lámhleabhair le cuidiú le foghlaimeoirí le heolas agus scileanna a fhaightear le linn na hoiliúna a choinneáil. Ina gcuid oibre ó lá go lá, beidh siad in ann cuimhneamh ar an eolas agus na scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, a fuarthas le linn na hoiliúna. Ar deireadh, cuireadh an chéad Tuarascáil Oiliúna Bhliantúil bunaithe ar an gcroí oiliúna a chur i gcrích. Tugtar príomhfhigiúirí inti maidir le chur chun feidhme Churaclam Oiliúna EASO agus tiomsú bileoga fíorasacha ar oiliúint EASO de réir tíre.

### 3.1.2. Tacaíocht cháilíochta

| Torthaí tacaíochta cáilíochta EASO in 2014 |
|---|
| 1 chleachtadh mapála maitríse cáilíochta |
| 3 chruinniú théamacha |
| 8 gcruinniú grúpa oibre |
| Tús curtha le 3 uirlis comhair phraiticiúil |
| Cruinniú bliantúil na bPointí Teagmhála Náisiúnta um Cháilíocht |

Is é is aidhm le hobair EASO sa réimse cáilíochta tacú le bunú próiseas agus nósanna imeachta cáilíochta i ngach Ballstáit, chomh maith le feabhsú sa bhreis ar cháilíocht na gcinntí tearmainn.

Beartaíodh leis an Maitrís Cháilíochta a seoladh in 2012, gach réimse den CEAS a chlúdach go cuimsitheach thar thréimhse 2 bhliain. Bunófar bunachar sonraí dea-chleachtas, meicníochtaí cáilíochta agus uirlisí praiticiúla, agus tionscadal agus tionscnamh cáilíochta mar thoradh ar an gcleachtas. Cuirfidh an mhaitrís ar chumas EASO riachtanais tacaíochta na mBallstát a shainaithint freisin. In 2014, bhí an Mhaitrís Cháilíochta

dírithe ar phríomhghnéithe na céime cinntithí de na nósanna imeachta tearmainn, is é sin, Rochtain ar Nós Imeachta agus Nósanna Imeachta (beartú tosaíochta, nósanna imeachta luathaithe, nósanna imeachta teorann, tíortha atá sábháilte, nósanna imeachta inghlacthachta, iarratais iartheachtacha agus aistarraingtí). Baineadh úsáid as torthaí na Maitríse Cáilíochta i gcruinnithe na gCoistí Teagmhálaithe a comheagraíodh leis an gCoimisiún Eorpach. Eagraíodh cruinniú cáilíochta amháin cúl le cúl le Coiste Teagmhálaithe faoin treoir um nósanna imeachta tearmainn.

Mar chuid de chleachtadh mapála na Maitríse Cáilíochta, lean EASO le Liosta Tionscadal agus Tionscnamh a fhorbairt arna gcur chun feidhme i mBallstáit AE ó bhí 2004 ann. Tá sé mar aidhm sa liosta sin feidhmiú mar bhunachar sonraí cuimsitheach agus buan tionscadal agus tionscnamh a bhfuil sé de chuspóir acu uile cáilíocht a fheabhsú. Clúdaítear ann gnéithe difriúla de CEAS agus eagraítear de réir téama lena n-áirítear, mar shampla, cáilíocht an nóis imeachta, mionaoisigh, faisnéis faoin tír thionscnaimh, coinníollacha glactha. Déantar forbairt agus leasú air go rialta le faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Tionóladh trí chruinniú théamacha le linn 2014 ar Cháilíocht agus Rochtain ar Nós Imeachta, Cáilíocht agus Sainaithint ar Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu agus Cáilíocht agus Nósanna Imeachta Speisialta. Ina theannta sin, eagraíodh ocht gCruinniú Grúpa Oibre (WG) le forbairt a dhéanamh ar thrí uirlis phraiticiúil nua maidir leis an Agallamh Pearsanta ([10]),le Measúnú Fianaise ([11]) agus le Sainaithint ar Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu. Bunaíodh grúpa tagartha cáilíochta freisin, comhdhéanta den Choimisiún Eorpach, UNHCR, ECRE chomh maith le comhaltaí *ad hoc* ón tsochaí shibhialta a bhain leis an ábhar a bhí i gceist le cur le forbairt na n-uirlisí sin. Ar deireadh, reáchtaladh Cruinniú Bliantúil na bPointí teagmhála náisiúnta um cháilíocht i Nollaig ina raibh 20 rannpháirtí as 18 mBallstát, UNHCR agus an Coimisiún Eorpach.

### 3.1.3. Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (COI)

| Torthaí COI EASO in 2014 |
|---|
| **115 rannpháirtí i ngach 7 líonra COI** |
| **4 líonra nua bunaithe (an Iaráin, an Iaráic, an Rúis, agus an Afganastáin)** |
| **16 100 cáipéis agus 5 bhunachar sonraí náisiúnta nasctha tríd an tairseach COI** |
| **580 úsáideoir thairseach COI** |
| **2 thuarascáil COI agus 1 treoirlíne phraiticiúil foilsithe** |

Is é is aidhm in obair EASO i réimse faisnéis faoin tír thionscnaimh (COI) cuimsitheach COI de chuid AE a fhorbairt, trí chaighdeáin a ardú agus a chomhchuibhiú in éineacht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach trí chur chuige líonra. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, rinne EASO forbairt sa bhreis ar Chur Chuige Líonra COI, a lainseáladh an bhliain roimhe, in 2014: bunaíodh ceithre líonra nua ar an Iaráin, an Iaráic, Cónaidhm na Rúise, agus an Afganastáin, i dteannta le trí líonra a bunaíodh in 2013 (an Phacastáin, an tSomáil agus an tSiria). Tá na seacht líonra comhdhéanta de 115 rannpháirtí.

Eagraíodh trí cheardlann chomhair phraiticiúil ar an Iaráic, an Úcráin agus Eiritré, chomh maith le comhdháil comhair phraiticiúla ar an tSiria agus an Iaráic. Cuireann forbairt Sainlíonraí EASO comhchuibhiú na mbeartas agus na gcleachtas i measc na mBallstát chun cinn. Comhroinntear faisnéis faoi riachtanais agus táirgí COI agus seachnaítear dúbláil na n-iarrachtaí dá réir. Déantar comh-mheasúnú ar phríomhfhoinsí COI sna líonraí, pléitear na saincheisteanna is tábhachtaí a bhaineann go sonrach le tearmann i dtíortha tionscnaimh agus soláthraítear creat le comhtháirgeadh COI agus comhfhreagairt a thabhairt ar cheisteanna ar COI. Déanfar meastóireacht lánscála ar obair na líonraí COI in 2015. In 2014, d'fhoilsigh EASO dhá thuarascáil COI ar ábhair a bhaineann go sonrach le cinneadh stádais laistigh den Aontas Eorpach: an Tuarascáil "South and Central Somalia — Country Overview" ([12]) agus Tuarascáil COI dar teideal "Chechnya — Women, Marriage, Divorce and Child Custody" ([13]) a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2014. Bhí taighdeoirí agus saineolaithe as Ballstáit éagsúla rannpháirteach sa phróiseas dréachtaithe agus sa phróiseas athbhreithnithe piaraí. Cuireadh tús le Tuarascáil COI bhreise dar teideal "Afghanistan — Security Situation" ([14]) agus críochnaíodh in 2015 í.

Maidir le modheolaíocht COI, i Márta 2014, tionóladh Comhdháil EASO ar Thaighde COI Ar Líne, áit ar chuir saineolaithe teicneolaíochtaí nua agus meáin i láthair atá ar fáil le bailiú, le comhroinnt, le scagadh agus le faisnéis faoi thíortha tionscnaimh a cur i láthair.

I ndiaidh na comhdhála, i Meitheamh 2014, d'fhoilsigh EASO na treoirlínte dar teideal "Tools and Tips for Online COI Research" ([15]) (Uirlisí agus Leideanna maidir le Taighde COI Ar Líne), ina dtugtar forbhreathnú nach bhfuil uileghabhálach ar uirlisí praiticiúla agus féidearthachtaí ar líne a bhíonn ag taighdeoirí COI le linn faisnéis ábhartha a chuardach. Ina theannta sin, in 2014, chuir EASO tús le saincheisteanna a fhiosrú a bhaineann le taighde COI ar dhaoine leochaileacha.

([10]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-Practical-Guide-Personal-Interview-EN.pdf

([11]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-Practical-Guide_-Evidence-Assessment.pdf

([12]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/COI-Report-Somalia.pdf

([13]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/COI-Report-Chechnya.pdf

([14]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Afghanistan-security-situation-EN.pdf

([15]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Tools-and-tips-for-online-COI-research2.pdf




**Pictiúr 3: Cruinniú comhair phraiticiúil EASO ar an Eritrea**

Eagraíodh ceardlann ar COI agus LGB (Daoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha) agus thug deis do thaighdeoirí COI, UNHCR agus comhlachtaí na sochaí sóisialta na dúshláin a bhaineann le téarmaíocht a phlé, le taithí a chomhroinnt maidir le faisnéis faoi LGB agus faoi chleachtais taighde agus uirlisí cáilíochta a threorú agus a chur i láthair. Mheall an cruinniú 25 rannpháirtí, ochtar acu as an tsochaí shibhialta agus an lucht acadúil. Tar éis na ceardlainne, bunaíodh grúpa oibre ar COI agus LGB a bhí mar aidhm aige treoir phraiticiúil do shaineolaithe COI a dhéanann taighde ar chás dhaoine LGB i dtíortha tionscnaimh, lena n-áiríodh gluais, liosta foinsí úsáideacha agus seicliostaí praiticiúla. Foilsíodh an treoir ([16]) seo in 2015. I gcomhthráth leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le LBG, bhí baint ag EASO mar chomhalta an Ghrúpa Chomhairligh i dtionscadal a threoraigh Unicef san Ísiltír, sa Bheilg agus sa tSualainn maidir le COI agus Leanaí. Forbraíodh modheolaíocht sa tionscadal “Child Notice Project” i gcomhair anailíse a bhaineann go sonrach le leanaí agus dhear sé fógraí leanaí ar líon tíortha tionscnaimh. Cuirfear an tionscadal i gcrích in 2015.

I dtaca le modheolaíocht tuairiscithe ghinearálta EASO do COI a foilsíodh in 2012, is é is aidhm atá ag EASO an cháipéis seo a leasú agus a thabhairt suas chun dáta in 2015 agus taithí le déanaí a chur san áireamh maidir le dréachtú na gcineálacha difriúla tuarascálacha COI EASO.

In 2014, rinne EASO dul chun cinn suntasach freisin chun an Comh-Thairseach COI a leasú chun dáta agus a fhorbairt tuilleadh. Cuireann an Tairseach, a thóg an Coimisiún Eorpach, agus a aistríodh chuig EASO in 2012, ar chumas oifigigh thearmainn réimse forleathan COI a rochtain ó phointe aonair isteach. Rinneadh 16 100 cáipéis a bhaineann le COI a nascadh tríd an tairseach, a raibh 580 úsáideoir gníomhach inti. Seachadadh ceithre sheisiún oiliúna d’úsáideoirí agus riarthóirí na tairsí náisiúnta as an bPortaingéil, an Spáinn, an Ghréig, an Chipir, an Bhulgáir, an Iodáil agus an tSlóivéin. Ina theannta sin, eagraíodh cruinniú do Ghrúpa Comhairleach na Tairsí COI. Rinneadh forbairt ar thogra chun Tairseach COI a athchóiriú agus d’fhormhuinigh Bord Bainistíochta EASO é i mí na Nollag 2014.

Ag leibhéal bainistíochta, tháinig an Líonra Straitéiseach, atá comhdhéanta de Cheannairí na nAonad COI nó de shaineolaithe atá freagrach as COI, as gach tír AE+, tháinig siad le chéile in Aibreán agus Samhain 2014, ag soláthar ionchur straitéiseach agus aiseolais ar ghníomhaíochtaí COI EASO agus taithí bainistíochta a mhalartú idir a chéile maidir le taighde COI.

Ar deireadh, i gcreat um thacaíocht oibríochta EASO, thug EASO cúnamh ábhartha COI do Choimisiún Náisiúnta Tearmainn na hIodáile, trí staidéar teicniúil a ullmhú i gcomhair córas náisiúnta COI uasghrádú.

([16]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Researching-the-situation-of-LGB-in-countries-of-origin-FINAL-080515.pdf

Tugadh tacaíocht anailísí ar leith, trí shonraí atá ann cheana a athstruchtúrú agus trí chritéir le faisnéis inchreidte a uaslódáil a thairiscint. Anuas air sin, chuir EASO breithiúna na hIodáile faoi oiliúint speisialaithe maidir le caighdeáin taighde COI.

### 3.1.4. Cláir shonracha EASO

#### *3.1.4.1. Comhoibriú le comhaltaí na gCúirteanna agus na mBinsí fiosrúcháin*

| Torthaí oibre de chuid EASO le cúirteanna agus binsí fiosrúcháin in 2014 |
|---|
| **3 chruinniú saineolaithe ar fhorbairt ábhair ghairmiúla** |
| **Comhdháil bhliantúil agus ceardlann ardleibhéil um churaclam na forbartha gairmiúla** |
| **1 uirlis tacaíochta a bhaineann le hAlt 15(c) den treoir maidir le cáilíochtaí.** |

D'fhonn tacú le feidhmiú iomlán agus comhleanúnach ar an CEAS, tugann EASO tacaíocht do chúirteanna agus binsí fiosrúcháin na mBallstát trí chomh-ullmhúchán d'ábhair um fhorbairt ghairmiúil, comhrá a spreagadh i measc chúirteanna agus binsí fiosrúcháin na hEorpa agus na mBallstát agus ceardlanna ardleibhéil a eagrú do chomhaltaí de chúirteanna agus binsí fiosrúcháin na hEorpa agus na mBallstát.

In 2014, chuir EASO feabhsú ar rannpháirtíocht Chúirt Bhreithiúnais AE, an Chúirt Eorpach ar Chearta an Duine, comhaltaí de Chúirteanna agus Binsí Fiosrúcháin as Ballstáit agus Tíortha Comhlachaithe maidir le forbairt cur chuige comhchoiteann ar shaothair le cúirteanna agus binsí fiosrúcháin. Chuige sin, ghlac EASO le modheolaíocht chun ábhair um fhorbairt ghairmiúil a thairgeadh agus rinne a chaidreamh comh-oibríochta a neartú le hionadaithe as Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe (IARJL) agus Cumann Breithiúna Riaracháin na hEorpa (AEAJ). Rinne EASO tuilleadh forbartha i naisc le UNHCR, FRA, agus le páirtithe ábhartha eile amhail an Líonra Eorpach um Oiliúint Breithiúna (EJTN). Tionóladh trí chruinniú saineolaithe ar fhorbairt ábhar gairmiúil maidir le cur chun feidhme Airteagal 15(c) den treoir maidir le cáilíochtaí (QD) i Málta. I dteannta leis an gcomhdháil do chomhaltaí de chúirteanna agus binsí fiosrúcháin. D'eagraigh EASO a dara ceardlann ardleibhéil um churaclam na forbartha gairmiúla i Nollaig 2014, agus d'fhreastail 32 ionadaí ó chúirteanna agus binsí fiosrúcháin uirthi. Chuir EASO dhá uirlis tacaíochta i gcrích a bhaineann le hAirteagal 15(c) QD: "Article 15 (c) QD – A Judicial Analysis" ([17]) agus "Guidance Note for Judicial Trainers on Article 15(c) QD — a Judicial Analysis". Chuathas i gcomhairle le Fóram Comhchomhairleach EASO roimh fhoilsiú agus sholáthair cúig ionchur.

Laistigh dá creat um thacaíocht oibríochta do Bhallstáit faoi bhrú ar leith, d'eagraigh EASO seimineáir *ad hoc* do chomhaltaí de bhreithiúna na hIodáile agus na Bulgáire.

#### *3.1.4.2. Gníomhaíochtaí laistigh de phlean gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha*

| Torthaí UAM EASO in 2014 |
|---|
| **4 chruinniú téamacha saineolaithe EASO um chomhoibriú praiticiúil ar UAM.** |
| **Comhdháil bhliantúil ar mhionaoisigh neamhthionlactha** |
| **Meastóireacht ar lámhleabhar EASO ar mheasúnú aoise** |
| **Tuilleadh forbartha ar líonra saineolaithe ar shaincheisteanna leanaí** |
| **Ardán EASO um ghníomhaíochtaí ar leanaí bunaithe** |

Le linn 2014, lean EASO le tacaíocht a sholáthar agus le comhar oibríochtúil a spreagadh i measc na mBallstát ar shaincheisteanna a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha (UAM) laistigh de chreat Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh ar Mhionaoisigh Neamhthionlactha (2010-14). Eagraíodh ceithre chruinniú téamach EASO saineolaithe um chomhar praiticiúil ar mhionaoisigh neamhthionlactha le linn na bliana ar: Rianú Teaghlaigh, Leas an Linbh laistigh den Raon Cosanta Idirnáisiúnta, Measúnú Aoise agus Rialachán Bhaile Átha Cliath-Rianú Teaghlaigh agus Leas. Mar thoradh ar na cruinnithe, rinneadh líonra saineolaithe ar shaincheisteanna linbh a fhorbairt agus bunaíodh ardán EASO um ghníomhaíochtaí ar leanaí. Ina theannta sin, cuireadh tús le huirlis phraiticiúil ar rianú teaghlaigh agus táthar ag súil lena foilseachán in 2015.

Tar éis do "EASO age assessment practice in Europe", a bheith foilsithe anuraidh, lainseáladh suirbhé i gcomhair aiseolais ar an bhfoilseachán ar láithreán gréasáin EASO agus cuireadh an chéad mheastóireacht i gcrích. Iarradh ar EASO an foilseachán a chur i láthair i roinnt comhdhálacha éagsúla. Anuas air sin, baineadh úsáid as an lámhleabhar le tacú le gníomhaíochtaí ar mheasúnú aoise a cuireadh i bhfeidhm i gcreat an phlean tacaíochta speisialta don Chipir.

Tionóladh an chomhdháil bhliantúil ar UAM an 9-10 Nollaig 2014, agus rannpháirtíocht 33 ionadaí as 17 mBallstát, as an gCoimisiún Eorpach, FRA, UNHCR, agus sé eagraíocht as an tsochaí sibhialta.

([17]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Article-15c-Qualification-Directive-201195EU-A-judicial-analysis.pdf

#### *3.1.4.3. Gáinneáil ar dhaoine (THB)*

| Torthaí THB EASO in 2014 |
|---|
| **Cruinniú bliantúil saineolaithe comhair phraiticiúil ar THB.** |
| **2 chruinniú comhordaithe le hOifig Chomhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh** |
| **Ionchur leis an Tuarascáil mheántéarmach ar chur i bhfeidhm na Straitéise THB thuasluaite** |
| **Tacaíocht le curaclam CEPOL ar THB a leasú chun dáta** |

I gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Chomhráitis "Together against Trafficking in Human Beings" arna síniú ag Ceannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB ar ócáid 5ú Lá Frithgháinneála AE an 18 Deireadh Fómhair 2011, bhí ról gníomhach ag EASO i dtacú le forbairt comhleanúnach straitéis AE i dtreo dheireadh a chur ar gháinneáil ar dhaoine (2012-16).

Bhí EASO i láthair ag dhá chruinniú comhordaithe daoine teagmhála THB arna eagrú ag Oifig Chomhordaitheoir Frithgháinneála AE in AS Gnóthaí Baile an Choimisiúin Eorpaigh. Díríodh sna cruinnithe ar chomhghníomhartha agus gníomhaíochtaí aonair a rinne na hEagraíochtaí CGB in THB. Mar thoradh air sin, chomhordaigh EASO tuairisc ar chomhghníomhartha na nEagraíochtaí CGB le tabhairt faoi THB. Clúdaítear an tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2012 go dtí Deireadh Fómhair 2014. Díríonn an tuairisc ar réimsí inar tháinig na Gníomhaireachtaí le chéile le tacú le straitéis AE a chur chun feidhme i dtreo deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine 2012-16 i gcomhréir lena cúig thosaíocht: íobartaigh gáinneála a sainaithint, a chosaint agus cúnaimh a thabhairt dóibh; dlús a chur le cosc ar gháinneáil ar dhaoine; méadú ar ionchúiseamh na ngáinneálaithe; comhordú agus comhar feabhsaithe i idir na príomhghníomhaithe agus comhleanúnachas beartais; agus méadú ar an eolas ar gach cineál gáinneála ar dhaoine agus ar fhreagairt éifeachtach ar imní atá ag teacht chun cinn a bhaineann leo. Tá an tuairisc ceangailte le tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh "Mid-term report on the Implementation of the EU Strategy towards the eradication of Trafficking in Human Beings 2012-16". Cuireadh an tuarascáil meántéarmach i láthair lá roimh an 8ú Lá Frithgháinneála AE an 18 Deireadh Fómhair 2014).

Ina theannta sin, chomhordaigh EASO tuairisc chomhlántach ar ghníomhartha aonair arna bhforbairt ag gníomhaireachtaí CGB ó Dheireadh Fómhair 2012 go dtí Deireadh Fómhair 2014 le tabhairt faoi THB.

Bhí EASO gníomhach in 2014 ag cur le curaclam CEPOL ar THB a leasú chun dáta agus d'eagraigh cruinniú saineolaithe comhair phraiticiúil ar THB ina raibh ionadaithe as 16 thír EU+ agus naoi n-eagraíocht sochaí sibhialta.

### 3.1.5 Glacadh

| Torthaí EASO i réimse glactha in 2014 |
|---|
| **Sineirgí le EPRA agus ENARO tógtha** |
| **Ceardlann chomhair phraiticiúil ar phleanáil theagmhasach i gcásanna éigeandála.** |
| **Modúl oiliúna ar ghlacadh forbartha** |

In 2014, thosaigh EASO ar a hacmhainn inmheánach a thógáil le tacú le córais um ghlacadh agus coinníollacha i mBallstáit. Chuige sin, rinneadh forbairt ar shineirgí le líonraí saineolaithe ábhartha sa réimse sin, go háirithe le European Network of Asylum Reception Organisations (ENARO) (Eagraíochtaí an Líonra Eorpaigh um Ghlacadh ar Thearmann) agus European Platform of Reception Agencies (EPRA) (Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh). Rinne EASO an Choiste stiúrtha ENARO a comh-óstáil an 3-4 Aibreán 2014 agus bhí 22 rannpháirtí i láthair a chomhroinn dea-chleachtais ar oiliúint i réimse glactha agus ar bhainistíocht cúrsaí glactha i gcásanna éigeandála. Eagraíodh cruinniú EASO-EPRA ar ghlacadh i Málta i Meitheamh 2014. Ina theannta sin, d'eagraigh EASO ceardlann comhair phraiticiúil ar phleanáil theagmhasach i gcásanna éigeandála agus phléigh, i measc ábhair eile, an fhéidearthacht chun áiseanna acmhainní agus glactha a chomhroinnt. Anuas air sin, cuireadh tús le forbairt modúl oiliúna ar leith ar ghlacadh, agus cuirfear i gcrích é in 2015. Bhuail an grúpa tagartha, atá comhdhéanta de shaineolaithe glactha as Ballstáit agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, le chéile trí huaire le cuspóirí foghlama, spriocghrúpa, struchtúr agus ábhar sa mhodúl a phlé.

### 3.1.6. Liosta EASO na dteangacha a bhfuil fáil orthu

Tacaíonn EASO le Ballstáit rochtain réidh a fháil ar na teangacha a bhfuil fáil orthu sna Ballstáit eile trí liosta na dteangacha a bhfuil fáil orthu. In 2014, thug EASO tacaíocht don Chipir tríd an liosta a úsáid le leas a bhaint as seirbhísí ateangaireachta na mBallstát eile. Pléifear Bileog Faisnéise ar LAL agus réitigh teicniúla maidir le húsáid liosta na dteangacha a bhfuil fáil orthu a éascú.

## 3.2. Tacaíocht speisialta EASO

### 3.2.1. Tacaíocht do Bhallstáit a bhfuil riachtanas ar leith acu

| Torthaí tacaíochta speisialta EASO in 2014 |
|---|
| **3 Phlean Tacaíochta Speisialta don Chipir, don Iodáil agus don Bhulgáir** |
| **11 bheart, 39 saineolaí úsáidte** |

Ag baint leasa as taithí na mblianta roimhe, in 2014 rinne EASO tuilleadh forbartha le cuidiú le Ballstáit a bhfuil tacaíocht speisialta ag teastáil uathu ina gcórais tearmainn agus ghlactha. Thug EASO cúnamh saincheaptha don Iodáil agus don Chipir ar bhonn Pleananna Tacaíochta Speisialta a síníodh i Meitheamh 2013 agus Meitheamh 2014 faoi seach. Cuireadh an tacaíocht seo ar fáil i gcomhréir leis an iarraidh ó na Ballstáit sin agus leis an measúnú a rinne EASO, a bhí bunaithe, i measc eile, ar anailís a bhí déanta aici laistigh den EPS.

Níos sainiúla, i gcomhthéacs Plean Tacaíochta Speisialta don Iodáil ([18]), bhí EASO agus an Iodáil ag obair i gcomhar a chéile ar líon réimsí tosaíochta, amhail bailiú agus anailís sonraí, faisnéis faoi thír thionscnaimh (COI), córas Bhaile Átha Cliath, córas glactha, inniúlacht éigeandála, agus oiliúint do bhreithiúna neamhspleácha. Faoi Phlean Tacaíochta Speisialta, chuir EASO tacaíocht theicniúil agus oibríochta ar fáil chun ionstraim na hIodáile a fheabhsú maidir leis an *acquis* tearmainn a chur i bhfeidhm. In 2014, cuireadh seacht mbeart den Plean i bhfeidhm le rannpháirtíocht 32 saineolaithe as 14 thír AE+. Thacaigh EASO le forbairt ghairmiúil chomhaltaí na gCoimisiún Críochach atá freagrach as cosaint idirnáisiúnta a ceadú. Rinneadh cleachtadh mapála chóras sonraí tearmainn na hIodáile le saineolaithe náisiúnta agus oifigigh EASO. Mar thoradh ar bhearnaí in anailís, rinneadh réimsí féideartha le forbairt a shainaithint d'fhonn próiseas níos éifeachtaí um bailiú sonraí a chinntiú. Mar obair leantach don chleachtadh mapála san Iodáil, a rinne EASO in 2013, agus ar bhonn a cuid torthaí chomh maith le forálacha den treoir maidir le coinníollacha glactha athmhúnlaithe, shainaithin saineolaithe EASO tacar caighdeán cáilíochta agus meicníochtaí um ghlacadh. Ar an mbonn sin, dréachtaíodh treoirlínte ar conas uirlisí monatóireachta atá ann faoi láthair a fheabhsú, i ndlúthcomhar le húdaráis na hIodáile.

Neartaíodh comhar go leanúnach le UNHCR, páirtí tábhachtach cur chun feidhme san Iodáil, go háirithe ar ghnéithe ar leith den nós imeachta tearmainn agus coinníollacha glactha.

Cuireadh tús leis an bPlean Tacaíochta Speisialta don Chipir ([19]) a chur i bhfeidhm in Iúil 2014 le bearta tacaíochta sa réimse glactha agus cóiríochta oscailte. Rinneadh measúnú ar riachtanais a bhaineann le hoibríocht agus bainistíocht an Aonaid Ghlactha d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta in Kofinou. Dhréachtaigh saineolaithe EASO



**Pictiúr 4: Rannpháirtí ar oiliúint EASO sa Ghréig**

([18]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-SPP-Italy-ELECTR-SIGNED.pdf

([19]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-CY-OP.pdf

buan-nósanna imeachta oibríochta don Aonad forbartha, le moltaí ar struchtúr, oibríocht agus bainistíocht an Aonaid. I gcomhthéacs na tacaíochta ar an bhforbairt, cur i bhfeidhm modheolaíochta agus oiliúna ábhartha i réimse measúnaithe aoise, soláthraíodh oiliúint speisialaithe sa Ghréigis d'fhiaclóirí a bhí ceaptha ag an Aireacht Sláinte. San iomlán bhí seachtar saineolaithe as ceithre Bhallstát páirteach i gcur i bhfeidhm ar na ceithre ghníomhaíocht i gcreat an Phlean Tacaíochta Speisialta don Chipir.

Síníodh Plean Tacaíochta Speisialta freisin idir EASO agus an tAire Intíre na Bulgáire an 5 Nollaig 2014 a bhfuil mar aidhm aige córas tearmainn agus glactha na Bulgáire a fheabhsú agus a bhreisiú. Beidh an Plean i bhfeidhm go dtí deireadh Meitheamh 2016 agus cuireann le torthaí meastóireachta ar an bPlean Oibriúcháin EASO don Bhulgáir a rinneadh i Meán Fómhair 2014 (féach 3.3).

Ar deireadh, dhírigh EASO iarrachtaí le linn 2014, le creat EASO a neartú maidir le tacaíocht speisialta a chur ar fáil do Bhallstáit. Sa chomhthéacs seo, rinne EASO buan-nósanna imeachta a fhorbairt tuilleadh, córas monatóireachta agus meastóireachta a bhunú agus uirlis cumarsáide oibríochtúil a ullmhú.

Dhírigh seisiún ar an imeall de chruinniú iomlánach Fóraim Chomhchomhairligh EASO 2014 ar phlé uirlisí agus módúlachtaí le hionchur na sochaí sibhialta chuig OPanna/SSPanna a fheabhsú.

### 3.2.2. Athlonnú

Is é is aidhm atá ag EASO malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar athlonnú laistigh den Aontas Eorpach a chothú, a éascú agus a chomhordú. Sa chreat sin in 2014, bhí EASO rannpháirteach san fhóram bliantúil um athlonnú a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus leasaigh an tuarascáil ar mheastóireacht ar ghníomhaíochtaí athlonnaithe in-AE ó Mhálta chun dáta ([20]).

### 3.2.3. Tascfhórsa na Meánmhara

| Torthaí EASO laistigh de Thascfhórsa na Meánmhara in 2014 |
|---|
| **Treoirthionscadal ar bhailiú faisnéise maidir le héascú le linn phróiseas cinnteoireachta an tearmainn** |
| **6 threoirthionscadal ar chomhphróiseáil** |

Bunaíodh Tascfhórsa na Meánmhara (TFM), mar a thugtar air, díreach i ndiaidh na tubaiste amach ó chósta Lampedusa i nDeireadh Fómhair 2013, nuair a chuaigh bád, ina raibh cúpla céad daoine, faoi, agus cailleadh breis agus 300 duine. Le féachaint ar ghníomhartha praiticiúla ar féidir a dhéanamh i dtaca leis an bhfadhb sin, thug TFM saineolaithe as gach Ballstát, as an gCoimisiún Eorpach, An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS), EASO, Frontex, Europol, FRA agus EMSA. Ar bhonn na bpléite, ghlac an Coimisiún Eorpach Cumarsáid (COM (2013) 869 leagan deireanach) ([21]) an 4 Nollaig 2013 agus phlean gníomhaíochta. Rinne TFM modhanna oibre éagsúla a fhorbairt, lena n-áirítear ocht ngníomh atá le déanamh ag EASO.

I gcreat an phlean ghníomhaíochta i gCumarsáid an Choimisiúin maidir le Tascfhórsa na Meánmhara, bhí EASO páirteach in éineacht le Frontex, Europol agus Eurojust i gcomh-threoirthionscadail le tuilleadh faisnéise a fhail amach maidir le héascú na ndaoine a iarrann cosaint idirnáisiúnta. Bhí sé mar aidhm sa treoirthionscadal sonraí anaithnid a bhaint as faisnéis a thugann na hiarratasóirí ar cosaintí idirnáisiúnta faoi na bealaí a tugadh agus na dálaí a bhí acu, mar chuid den ghnáthphróiseas agallamh. Bhí dhá Bhallstát rannpháirteach sa treoirthionscadal: an Iodáil agus Málta. Soláthraíodh sonraí comhlánaithe agus gan ainm a lua leo a bhailigh na húdaráis náisiúnta inniúla ó na hiarratasóirí a tháinig ar tír ón mbád céanna san Iodáil agus Málta Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2014 do EASO. Ba í an phríomhchonclúid gur chuir modheolaíocht na comh-threoirthionscadail eolas úrnua maidir le héascú (go háirithe laistigh den Eoraip) agus cuthaigh bailiúchán sonraí córasach atá inúsáidte i gcomhair anailís straitéiseach fadtéarmach. Tá acmhainneacht sa chur chuige tuilleadh faisnéise agus d'fhaisnéis is fearr a bhailiú maidir le héascú. Mar an chéad chéim eile, in 2015, molfaidh EASO an treoirthionscadal a dhéanamh in dhá Bhallstát nach bhfuil ag Teorainneacha Seachtracha AE agus leis an treoirthionscadal a dhéanamh athuair san Iodáil agus i Málta.

I gcomhthéacs TFM, rinne EASO sé réamh-threoirthionscadal comhphróiseála freisin. Bhí sé mar aidhm iontu gnéithe den sruth oibre agus próisis sa nós imeachta tearmainn agus glactha a thástáil, rud is féidir a dhéanamh i gcomhar le Ballstáit difriúla le tacaíocht Foirne Tacaíochta Próiseála EASO (saineolaithe EASO agus MS) laistigh de paraiméadair *acquis* tearmainn AE. Forbraíodh treoirthionscadail sna réimsí mar atá mionaoisigh neamhthionlactha, COI, Baile Átha Cliath, Bainistíocht Clárúcháin agus Cásanna, Measúnú ar leochaileacht; bhí baint gníomhach ag 11 Bhallstát na gníomhaíochtaí comhphróiseála. Cuireadh tús le forbairt ar ghiniúint dara ghlúine de ghníomhaíochtaí comhphróiseála níos castaí ag deireadh na bliana 2014 de thoradh na dtuairiscí teicniúla ar réamh-threoirthionscadail chomhphróiseála arna gcur faoi bhráid Bhord Bainistíochta EASO.

([20]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EUREMA-fact-finding-report-EASO11.pdf

([21]) http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-is-new/news/news/docs/20131204_communication_on_the_work_of_the_task_force_mediterranean_en.pdf



**Pictiúr 5: Plean Oibriúcháin EASO don Bhulgáir á shíniú**

Léiríonn torthaí na réamh-threoirthionscadal comhphróiseála go raibh, go deimhin, gnéithe den nós imeachta tearmainn atá comh-indéanta. Ba é tátal na hanailíse ar na réamh-threoirthionscadail go bhfuil cuma mhaith ar choincheap na comhphróiseála, cé go bhfuil roinnt dúshlán ann, mar gheall ar reachtaíocht náisiúnta den chuid is mó. Cuireann sé sin béim arís ar an ngá le tuilleadh treoirthionscadal agus le treoirthionscadail níos cuimsithí, agus le roinnt céimeanna den chineál céanna atá sa nós imeachta tearmainn. Trí na réamh-treoirthionscadail, bhí leibhéal nua muiníne ar chuid mhór oifigeach MS nuair a fuair siad rochtain ar líon fíorchásanna MS eile. Ag tuiscint sa deireadh thiar thall, gur ionann iad sa nádúr dúshláin an oibrí cásanna nó an chinnteora agus dúshláin in MS eile, cruthaíodh atmaisféar dlúthpháirtíochta ar leibhéal iontach praiticiúil ar cheart a fheabhsú tuilleadh.

## 3.3. Tacaíocht éigeandála EASO

In 2014 rinne EASO tuilleadh forbartha ar a chuid gníomhaíochtaí chun tacú le Ballstáit atá faoi bhrú ar leith ina gcóras tearmainn agus glactha, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt don Bhulgáir agus don Ghréig agus trí chumas EASO chun freagairt ar bhealach tráthúil, éifeachtach do staideanna éigeandála a neartú.

### 3.3.1. Plean Oibriúcháin don Ghréig

| Torthaí ar Phlean oibriúcháin EASO don Ghréig in 2014 |
|---|
| **Céim II den Phlean Oibriúcháin don Ghréig curtha i bhfeidhm** |
| **11 Fhoireann Tacaíochta Tearmainn, 4 sheisiún oiliúna don oiliúnóir, 4 chuairt staidéir** |
| **Plean Tacaíochta Speisialta don Ghréig a ullmhú** |

Sholáthair EASO tacaíocht éigeandála don Ghréig ó Aibreán 2011. Le tacaíocht EASO agus páirtithe leasmhara eile, ghlac an Ghréig céimeanna praiticiúla i dtreo córas nua-aimseartha tearmainn agus glactha a bhunú a sholáthraíonn cosaint dóibh siúd ar an anás. Cé gur bhunaigh an Ghréig nós imeachta ag an gcéad chéim agus ag an dara céim, chomh maith le córas nua glactha, lean EASO le tacú le tógáil acmhainne agus comhdhlúthaithe le linn 2014 trí ghníomhaíochtaí difriúla tacaíochta. Ba iad oiliúint i réimse glactha, forálacha nua de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, tacaíocht agus tógáil acmhainne d'fhonn Cistiú AE a ionsú, comhroinnt dea-chleachtas le Ballstáit eile mar chuid den tacaíocht lárnach i gcreat Phlean Oibriúcháin II EASO don Ghréig ([22]). Cuireadh an Plean Oibriúcháin i gcríoch Nollaig 2014.

([22]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-OP-II-Greece.pdf

Baineadh úsáid as 11 Fhoireann Tacaíochta Tearmainn le 12 saineolaithe as naoi mBallstát, d'fhreastail oifigigh Ghréagacha tearmainn ar cheithre sheisiún oiliúna don oiliúnóir ar mhodúil Churaclam Oiliúna EASO agus eagraíodh ceithre chuairt staidéir i mBallstáit dhifriúla. Cuireadh seacht mbeart den phlean san iomlán i bhfeidhm.

In Iúil 2014, rinne EASO Measúnú Eatramhach ar chur chun feidhme an Phlean Oibriúcháin ([23]). Cuireadh tús le plé idir EASO agus údaráis inniúla na Gréige a bhain le leanúint na tacaíochta agus a nádúr thar 2014.

### 3.3.2. Plean oibriúcháin don Bhulgáir

| Torthaí ar Phlean oibriúcháin EASO don Bhulgáir in 2014 |
|---|
| **Céim I den Phlean Oibriúcháin don Bhulgáir curtha i bhfeidhm** |
| **17 ngníomhaíocht agus 59 saineolaí úsáidte** |
| **Plean Tacaíochta Speisialta don Bhulgáir a ullmhú** |

I gcreat Phlean Oibriúcháin EASO don Bhulgáir ([24]), a síníodh an 17 Deireadh Fómhair 2013, chuir EASO cúnamh teicniúil agus oibríochtúil ar fáil don Bhulgáir go dtí deireadh Meán Fómhair 2014. Ba í an aidhm leis an bPlean cuidiú leis an mBulgáir déileáil leis an méadú sa phlódú, agus ag an am céanna an córas tearmainn agus glactha a fheabhsú agus a neartú, i gcomhthéacs ionstraimí CEAS á gcur i bhfeidhm.

Bhí bearta EASO le tacú leis an mBulgáir roinnte ina dtrí chatagóir, mar atá: tacaíocht oibriúcháin, tacaíocht institiúideach agus tacaíocht chothrománach. Thug misean saineolaithe ardleibhéil Ballstáit agus saineolaithe EASO cuairt ar an mBulgáir ón 17 go dtí an 21 Feabhra 2014 le machnamh meántéarma a dhéanamh ar thacaíocht EASO agus, mar thoradh air sin, foilsíodh tuairisc an 26 Feabhra 2014. Cuireadh béim sa tuarascáil gur chuir tacaíocht oibriúcháin EASO le nithe tábhachtacha a bhaint amach, lena n-áiríodh sruth oibre a bharrfheabhsú agus a luasghéarú i gclárú agus sa nós imeachta um chlárú agus um chinnteoireacht tearmainn. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an mBulgáir maidir lena hacmhainn glactha a mhéadú (acmhainn 5 940 leaba san iomlán) agus le dálaí a fheabhsú.

I Meán Fómhair 2014, rinne foireann saineolaithe na mBallstáit le tacaíocht ag oifigigh na Bulgáire agus EASO meastóireacht deiridh ar an bPlean Oibriúcháin don Bhulgáir. Bhí sé mar aidhm leis feidhmíocht na tacaíochta EASO (1 Samhain 2013–30 Meán Fómhair 2014), go háirithe i réimsí an phróisis clárúcháin tearmainn, an nós imeachta um chinnteoireacht tearmainn, agus an acmhainn glactha a mheasúnú. D'fhonn córais tearmainn agus ghlactha na Bulgáire a fheabhsú agus a bhreisiú tuilleadh, síníodh Plean Tacaíochta Speisialta EASO ([25]) don Bhulgáir an 5 Nollaig 2014. Clúdófar an tréimhse suas le deireadh mhí an Mheithimh 2016 sa phlean.

### 3.3.3. Tacaíocht d'ullmhacht don éigeandáil

| Torthaí EASO ar ullmhacht le haghaidh éigeandála in 2014 |
|---|
| **238 gcomhalta den Díorma um Idirghabháil Tearmainn** |
| **2 chruinniú de phointí náisiúnta teagmhála AIP** |
| **6 cheardlann téamacha um chomhoibriú praiticiúil** |

D'fhonn chumas EASO a fhorbairt tuilleadh maidir le freagairt ar bhealach tráthúil do chásanna éigeandála agus d'iarraidh tacaíochta ó Bhallstáit, díríodh príomhiarrachtaí ar neartú fheidhmiú An Díorma um Idirghabháil Tearmainn. (AIP). Rinne EASO leasú chun dáta ar díorma saineolaithe atá le cur ar fail ag Ballstáit, choinnigh línte cumarsáide le pointí teagmhála náisiúnta ar oscailt le AIP (NCPanna) ar na gnéithe uile a bhaineann leis na foirne tacaíochta tearmainn agus soláthróidh cúnamh ar gach saincheist a bhaineann le coinníollacha imlonnaithe na bhfoirne sin. Eagraíodh dhá chruinniú le pointí teagmhála náisiúnta AIP le gnéithe agus uirlisí difriúla a bhaineann le húsáid saineolaithe, amhail bróisiúr maidir le rannpháirtíocht i dtacaíocht oibriúcháin agus pacáiste eolais do shaineolaithe roghnaithe le comhroinnt roimh mhisin. Tugadh faoi pléite ar ghníomhaíochtaí breise a dhéanamh le rannpháirtíocht saineolaithe AIP a mhéadú agus aontaíodh leasú ar próifílí AIP EASO. Cuireadh tús le forbairt chóras Aiseolas Údaráis Náisiúnta — EASO.

Ina theannta sin, eagraíodh ceardlanna téamacha um chomhar praiticiúil ar phleanáil theagmhasach i gcásanna éigeandála, comhphróiseáil, cumarsáid oibríochtúil, maoiniú AE agus ar ullmhú Expo EASO ar chórais TFC a bhfuil tacú iontu don nós imeachta tearmainn, atá beartaithe do 2015.

([23]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Interim-Assessment-Greece.pdf

([24]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Operating-Plan-Bulgaria-SIGNED.pdf

([25]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/SSP-BG-2014-12-03.pdf

## 3.4. Tacaíocht faisnéise agus anailíse EASO

| Torthaí ar thacaíocht faisnéise agus anailíse EASO in 2014 |
|---|
| **Córas ceisteanna EASO bunaithe** |
| **Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta i mbun forbartha** |
| **Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE 2013** |
| **EPS céim II** |
| **12 thuairisc mhíosúla ar threochtaí agus anailís agus 3 thuairisc ráithiúla** |
| **7 dtuarascáil *ad hoc*** |
| **2 chruinniú den Ghrúpa um Sholáthar Staidrimh** |


I gcomhréir lena sainordú, tá ról tábhachtach le himirt ag EASO maidir le faisnéis ábhartha a bhaineann le bainistíocht cásanna tearmainn agus le hacmhainn tearmainn i dtíortha AE+ a bhailiú, anailís a dhéanamh uirthi agus a mhalartú. Is ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtach CEAS iad treochtaí a shainaithint agus riachtanais a réamh-mheas do na Ballstáit siúd ar féidir leo a bheith faoi réir bhrú ar leith.

Sainíodh inniúlachtaí breise do EASO le Rialachán Bhaile Átha Cliath III athmhúnlaithe maidir le tacaíocht faisnéise agus anailíse. De réir Airteagal 33 den Rialachán, imríonn EASO ról tábhachtach i "Meicníocht maidir le luathrabhraidh, ullmhacht agus bainistíocht géarchéimeanna" sa réimse tearmainn. Feictear i gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta(EPS) EASO léargas cruinn a thabhairt ar shruthanna atá ann faoi láthair agus ar sruthanna féidearthachta amach anseo na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar AE agus léargas a thabhairt ar acmhainní na mBallstát plé leo de réir an *acquis* tearmainn.

### 3.4.1. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS)

In 2014, chuir EASO tús le comhchóras bainistíochta inneachair agus bunachar sonraí — an Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) — i bhfoirm uirlis TF a sholáthróidh mion-forbhreathnú suas chun dáta ar fheidhmiú praiticiúil CEAS. Líonfaidh IDS an bearna atá ann faoi láthair i gcúrsaí cáipéisíochta tearmainn agus glactha, ina mbailítear líon mór faisnéise as foinsí difriúla, go minic dorochtana nó comparáid eatarthu dodhéanta.

Beartaítear go mbeidh IDS mar leabharlann sochuardaithe a sholáthraíonn forbhreathnú cuimsitheach ar an dóigh a gcomhlíontar gach príomhchéim den phróiseas tearmainn i ngach ceann de na tíortha AE+. Áirítear sna príomheilimintí sin: rochtain ar nós imeachta, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath ag an gcéad chéim, cinneadh ag an dara chéim, glacadh agus coinneáil, filleadh agus inneachar cosanta/comhtháite. Beartaítear líonra IDS de shaineolaithe na mBallstát a bhunú leis na bhfaisnéis in IDS a bhailíochtú agus a leasú chun dáta ar bhonn rialta ionas gur féidir




Pictiúr 6: Foilseacháin EASO

le húsáideoirí cleachtais tearmainn a fhiosrú, a chur i gcomparáid idir a chéile agus anailís a dhéanamh orthu thar AE.

In 2014, shocraigh EASO treoirleagan IDS agus chuir sé an coincheap faoi bhráid Bhord Bainistíochta EASO agus na sochaí sibhialta i gcruinniú iomlánach an Fhóraim Chomhcomhairligh Nollaig 2014.

D'fhonn freagairt do riachtanais mhéadaithe a thuairiscíonn na Ballstáit, bhunaigh EASO córas ceisteanna a chuireann ar chumas na dtíortha AE+ ceisteanna scríofa a phostáil agus freagraí a fháil ar ghnéithe praiticiúla den Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) agus ar chúrsaí a bhaineann le beartais tearmainn agus cleachtais in AE+ laistigh d'fhráma ama gairid. Le linn treoirchéim chórais ceisteanna EASO, a mhair sé mhí, seoladh ceisteanna éagsúla, cuid ón ngníomhaireacht í féin ina measc. Cuirfear an fhaisnéis a bhailítear tríd an gcóras ceisteanna le IDS, ag cur sineirgí inmheánacha agus bainistíocht comhleanúnach eolais chun cinn.

### 3.4.2. Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE 2013

In 2014, d'fhoilsigh EASO a thríú tuarascáil tagartha bhliantúil: An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach 2013 ([26]). Tugadh forbhreathnú cuimsitheach sa Tuarascáil ar staid an tearmainn in AE, trí iarratais ar chosaint idirnáisiúnta chuig AE a fhiosrú, trí anailís a dhéanamh ar sonraí na n-iarratas agus na gcinntí, agus trí dhíriú ar chuid de thíortha tionscnaimh is tábhachtaí arbh as na hiarratasóirí i gcomhair cosaint idirnáisiúnta. Díríodh sa tuarascáil go sonrach ar thrí shruth tearmainn a chuir béim ar shaintréithe iontach difriúla na n-iarratasóirí ar thearmann in AE: an tSiria, Cónaidhm na Rúise agus tíortha na mBalcán Thiar.

Cuireadh béim ar leith freisin sa tuarascáil ar forbairtí ollmhóra maidir le beartais AE/náisiúnta, athruithe reachtaíochta agus dhlí-eolaíocht. Go háirithe, chonacthas in 2013 glacadh *acquis* tearmainn AE i Meitheamh, lena n-áiríodh treoir maidir le coinníollacha glactha arna leasú, an treoir um nósanna imeachta tearmainn arna leasú, rialachán Bhaile Átha Cliath arna leasú, agus rialachán Eurodac arna leasú, rud a chuir an próiseas athbhreithnithe i gcrích (mar glacadh leis an treoir maidir le cáilíochtaí arna leasú in 2011).

I gcreat Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, ba é Eurostat príomhfhoinse na sonraí staidrimh a úsáideadh don Tuarascáil Bhliantúil. Le hardchaighdeáin sonraí a chinntiú, téann EASO i gcomhairle le Eurostat maidir le comhlíonadh, meabhrú agus comhsheasmhacht na dtacar sonraí a foilsítear ar a láithreán gréasáin. Cuirfear na sonraí, a bhailigh EASO tríd an gcóras bailiúcháin sonraí EPS, ar fáil mar fhaisnéis bhreise, le húsáid sa tuarascáil le tacú le hanailís atá ann cheana agus le tagairtí staidrimh i gcodanna téamacha a fhorleathnú. Ina theannta sin, thug timpeall 40 páirtí leasmhara, 28 mBallstát, UNHCR agus 15 eagraíocht sochaí sibhialta ionchur don tuarascáil.

Ghlac Bord Bainistíochta EASO an Tuarascáil Bhliantúil an 26 Bealtaine 2014 agus lainseáladh don phobail sa Bhruiséil an 7 Iúil i rith comhdhála a bhí oscailte do Bhallstáit agus don tsochaí shibhialta ina raibh timpeall 100 rannpháirtí i láthair. D'fhonn a scaipeadh forleathan a chur chun cinn, rinneadh aistriúchán ar an tuarascáil ina 5 theanga (EN, FR, ES, DE, IT).

### 3.4.3. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS)

Lainseáil EASO Céim II dá Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta Márta 2014. Dírítear i mbailiú sonraí EPS ar an gcéad chéim sa phróiseas tearmainn agus bailítear sonraí faoi cheithre tháscaire (iarratasóirí, iarratais a tarraingítear siar,cinntí agus cásanna ar feitheamh). Soláthraíonn tríocha tír AE+ sonraí go rialta ar an mí roimhe laistigh de choicís. Éacht ollmhór is ea bailiú sonraí EPS nuair a chuirtear na difríochtaí i mionsonraí eagrúcháin na gcóras náisiúnta tearmainn san áireamh in éineacht leis na héagsúlachtaí ollmhóra maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú fud fad AE. Ón am ar tugadh táscairí Chéim II isteach, bhí EASO in ann faisnéis úrnua a thabhairt isteach ina táirgí anailíseacha rialta agus anailís míosúil a chur ar fáil ag tíortha AE+ agus ag an gCoimisiún Eorpach ar bhealach tráthúil.

De réir an phróisis chomhaontaithe, meastar go leanfar le forbairt EPS céim ar chéim i ndiaidh a chéile. I Samhain 2014, rinne EASO suirbhé le Comhaltaí den Ghrúpa um Sholáthar Staidrimh (GPS) maidir le táscairí agus briseadh síos breise féideartha le cur san áireamh sa chéad chéime eile den bhailiú — Céim III. Ar bhunús an tsuirbhé, sainaithníodh agus pléadh táscairí féideartha ar rochtain ar nós imeachta, ghlacadh, Bhaile Átha Cliath agus fhilleadh i gcruinniú an Bhoird Bhainistíochta um Nollaig.

In 2014 d'eisigh EASO 12 thuairisc mhíosúla ar threochtaí agus anailís, trí thuairisc ráithiúla ([27]) agus seacht dtuairisc *ad hoc* (is é sin, nótaí luathrabhaidh, leasú ar chásanna agus measúnuithe tionchair). Cé go raibh na cáipéisí sin teoranta don Aontas Eorpach agus le haghaidh Comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta, chuir EASO 10 n-ionchur ar fáil freisin ar Threochtaí Tearmainn Is Déanaí do nuachtlitir EASO, doiciméad don phobail a scaiptear go forleathan.

Eagraíodh cruinnithe éagsúla le comhaltaí GPS, le Grúpa Comhairleach Bhaile Átha Cliath agus le

([26]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-AR-final1.pdf

([27]) https://easo.europa.eu/asylum-trends-analysis/quarterly-report/

comhpháirtithe Institiúideacha in-AE i gcomhair GPS. Anuas air sin, bhí EASO rannpháirteach i nGrúpa Oibre Eurostat ar Staidreamh imirce agus fheabhsaigh a comhar le hEagraíochtaí CGB eile, go sonrach le Frontex agus eu-LISA d'fhonn sonraí agus anailís staidrimh a chomhroinnt. In 2014, d'fheabhsaigh EASO a chomhar le Frontex i réimse chomhroinnt sonraí agus comh-anailíse. Mar thoradh air sin, comhroinneann an dá ghníomhaireacht a gcuid anailís treochtaí míosúil agus tionólann fís-chomhdháil sheachtainiúil le faisnéis ábhartha maidir le sruthanna imirceach measctha don Aontas Eorpach a mhalartú. Lean an comhar i réimse Iarmheicníocht Monatóireachta ar Léirscaoileadh Víosaí, in ionchur a thabhairt do Mheasúnú Riosca Bliantúil Frontex agus don Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE agus ar líon comhthuarascálacha *ad hoc* ar Thríú Tíortha mar a d'iarr an Coimisiún Eorpach

I gcomhthéacs oibríochtaí EASO, cuireadh tacaíocht theicniúil sa réimse bailiúcháin sonraí agus bainistiú sonraí ar fáil don Iodáil, don Bhulgáir agus don Chipir.

## 3.5. Tacaíocht tríú tíre EASO

| Torthaí EASO i dtacaíocht tríú tíre |
|---|
| **Timthriallta athlonnaithe a mhapáil in AE+** |
| **10 ngníomhaíocht den tionscadal ENPI le Maracó, an Túinéis agus an Iordáin.** |
| **Líonra um an Ghné Sheachtrach bunaithe** |

Tá dlúth-idircheangal ann idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha sa réimse imirce agus tearmainn. Ní féidir tabhairt faoi imirce agus tearmann go héifeachtach gan comhar leis na tríú tíortha a chur san áireamh. Tá tacaíocht tríú tíre EASO ag teacht le Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí EASO ([28]), de réir bheartais agus tosaíochtaí foriomlána AE um chaidreamh seachtrach, go háirithe leis an gCur Chuige Domhanda don Imirce agus don tSoghluaisteacht (GAMM), le Beartas Comharsanachta na hEorpa (ENP), agus leis an Straitéis um méadú AE.

### 3.5.1. Athshocrú

Sa réimse athlonnaithe, tá EASO ag iarraidh ról comhordaithe a imirt i malartú faisnéise agus dea-chleachtas i measc na mBallstát i gcomhar le UNHCR agus IOM. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, chuir EASO mapáil na dtimthriallta athlonnaithe sna Ballstáit i gcrích i dtíortha AE+ agus pléadh na torthaí i gcruinniú a tionóladh i Samhain mar chuid de ghníomhaíochtaí EASO um an ghné sheachtrach.

Bhí páirt ghníomhach ag EASO in dhá chruinniú Croíghrúpa na Siria, i gComhairliúcháin Thrípháirteacha Bhliantúla ar Athlonnú (ATCR) agus Grúpa Oibre, i gcruinniú stiúrtha ERN agus san Fhóram bliantúil um athlonnú a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach. Mionsaothraíodh trí chás do Threoirthionscadal EASO ar úsáid saineolaithe athlonnaithe AE do ghéarchéim dídeanaithe na Siria.

### 3.5.2. An ghné sheachtrach agus tógáil acmhainne i dtríú tíortha

Tá obair EASO chun an ghné sheachtrach de CEAS a chur chun feidhme á comhordú i gcreat Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí EASO. I gcomhréir leis an straitéis sin, bhí EASO páirteach i dtionscadal arna mhaoiniú ag an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENPI) a bhain le rannpháirtíocht na hIordáine in obair EASO chomh maith le rannpháirtíocht na Túinéise agus Mharacó in obair EASO agus Frontex. Cuireadh tús lena chur chun feidhme an 1 Márta 2014 agus leanfaidh sé ar feadh 18 mí. Cuireann sé le tuiscint níos fearr ar fheidhm, oibríochtaí agus gníomhaíochtaí EASO agus Frontex agus ról na mBallstát ann. Déantar measúnú sa tionscadal ar riachtanais na hIordáine, Mharacó agus na Túinéise maidir le tacaíocht theicniúil agus ar oiriúnacht uirlisí EASO agus Frontex lena n-oiriúnú. Is iad spriocghrúpaí ghníomhaíochtaí an tionscadail ná údaráis bhainistíochta tearmainn agus teorann, a bhfuil freagraí oibríochtúla orthu beirt (lena n-áirítear Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha, Aireachtaí Intíre agus Aireachtaí Dlí agus Cirt) agus iad siúd a dhéanann gníomhaíochtaí tacaíochta (amhail malartú faisnéise, tógáil acmhainne, comhar idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí dlí).

Tionscnamh tosaigh is ea an tionscadal ENPI ina bhfuil EASO ag obair laistigh de Ghné Seachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn. Tá sé sin ar siúl le tíortha lena gcuir AE Comhpháirtíocht Soghluaisteachta i gcrích. Rinneadh staidéar allamuigh chuig an Iordáin, Maracó agus an Túinéis i Márta, Aibreán agus Meitheamh 2014, áit ar chas ionadaithe EASO leis na páirtithe leasmhara agus údaráis ábhartha. San iomlán, cuireadh 10 ngníomhaíocht de thionscadal ENPI chun feidhme in 2014, lena n-áirítear dhá chuairt staidéir d'oifigigh na Túinéise agus na hIordáine chuig an tSualainn, an Ostair agus Poblacht na Seice agus dhá shimineár théamacha i Maracó ar nósanna imeachta san aerfort agus nósanna imeachta achomharc. Bhí oifigigh as trí spriocthír rannpháirteach in oiliúint réigiúnach EASO i Samhain 2014 ina seachadadh na croímhodúil oiliúna, Cuimsiú agus Measúnú Fianaise. Cuireadh aistriúchán Fraincise agus Araibise ar líon tábhachtach foilseachán EASO agus Frontex chomh maith le modúl oiliúna amháin de chuid EASO.

Ina theannta sin, in 2014 bhunaigh EASO a Líonra um an Ghné Sheachtrach chun cúrsaí cumarsáide a phríomhshruthú agus le faisnéis a chomhroinnt le Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach, leis an tSeirbhís

([28]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-External-Action-Strategy.pdf

Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, le Gníomhaireachtaí JHA agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha. Tháinig comhaltaí an líonra le chéile i gceardlann a eagraíodh Samhain ina díríodh ar ionstraim EASO le tacú le tógáil acmhainne i dtríú tíortha ábhartha. Breisíodh idirphlé i measc na bpáirtithe leasmhara agus comhordaíodh ionchur chun Cláir um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach san Afraic Thuaidh a ullmhú.

D'eagraigh EASO freisin, faoina sainordú um an Ghné Sheachtrach, oiliúint réigiúnach in Iostanbúl Nollaig 2014, áit ar seachadadh na croímhodúil, Cuimsiú agus Teicnicí Agallaimh. Chonacthas san oiliúint rannpháirtíocht gheografach fhorleathan ina n-áiríodh as sprioctíortha an tionscadail ENPI agus as an Liobáin, na Balcáin Thiar, an Tuirc agus Úcráin. Ar deireadh, cuireadh tús le measúnú ar riachtanais sna sprioclimistéir gheografacha, (is iad sin, na Balcáin Thiar agus an réigiún NEP).

# 4. Creat agus líonra EASO

## 4.1. Bord Bainistíochta

| Bord Bainistíochta EASO i bhfigiúirí 2014 |
|---|
| **3 chruinniú an Bhoird Bhainistíochta arna dtionóladh** |
| **5 cháipéis chlárúcháin arna nglacadh** |

Is é an Bord Bainistíochta bord rialaithe agus pleanála EASO. In 2014 bhí sé comhdhéanta de 31 chomhalta agus breathnóir (comhalta amháin as gach Ballstát, seachas an Danmhairg, ar iarradh orthu a bheith i láthair mar bhreathnóirí, beirt chomhaltaí ón gCoimisiún Eorpach agus comhalta amháin, gan cead vótála, thar ceann UNHCR). Ina theannta sin, iarradh ar ionadaithe na dtíortha comhlachaithe (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) freastal ar chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta mar bhreathnóirí. Iarradh ar bhonn rialta ar Frontex freisin páirt a ghlacadh sna míreanna ábhartha i gcruinnithe an Bhoird Bhainistíochta, go háirithe i dtaca le staid an tearmainn in AE agus le Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta.

Eagraíodh trí chruinniú an Bhoird Bhainistíochta i mBealtaine, Meán Fómhair agus Nollaig 2014. Labhair Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe leis an mBord Bainistíochta i Meán Fómhair.

Le linn na bliana 2014, ghlac an Bord Bainistíochta na cáipéisí agus na cinntí mar seo a leanas:

— an Clár Oibre Ilbhliantúil (MAWP) 2016-18;

— an Clár Oibre 2015;

— an Plean Polasaí Foirne Ilbhliantúil 2016-18;

— Buiséad EASO 2015;

— Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil 2013;

— Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE 2013;

— Cinneadh ón mBord Bainistíochta Uimh. 21 an 26 Bealtaine 2014 maidir le táillí scolaíochta a ghearradh ar leanaí atá ag freastail ar scoil phríobháideach/idirnáisiúnta i Málta agus ionchur EASO le tacú lena gcuimsiú sa timpeallacht áitiúil;

— Cinneadh ón mBord Bainistíochta Uimh. 22 an 26 Meitheamh 2014 maidir le tuairim a ghlacadh faoi chuntais deiridh EASO 2013;

— Cinneadh ón mBord Bainistíochta Uimh. 23 an 1 Nollaig 2014 maidir le rialacha cur chun feidhme do na rialacháin foirne a ghlacadh.

In 2014, dhírigh EASO iarrachtaí ar leith le hidirphlé fiúntach tairbheach a chur chun cinn le linn chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta. D'eagraigh EASO seisiún tobsmaointeoireachta dírithe ar mhalartú barúlacha ar bhainistíocht phraiticiúil CEAS.



Pictiúr 7: Bord Bainistíochta EASO

Tugadh an t-eolas is déanaí don Bhord Bainistíochta maidir le staid an tearmainn in AE+ ar bhonn rialta. Pléadh treochtaí, dúshláin agus dea-chleachtais i measc Comhaltaí agus Ionadaithe.

Phléigh an Bord Bainistíochta an dul chun cinn a bhaineann le cur chun feidhme gníomhaíochtaí i gcreat Tascfhórsa na Meánmhara agus le bearta tacaíochta EASO don Bhulgáir, don Ghréig, don Iodáil agus don Chipir. Tugadh aird ar leith don oiliúint agus forbairt ghairmiúil, do phróisis cháilíochta, agus do COI agus forbairt thairseach COI. Maidir le EPS, phléigh an Bord Bainistíochta cur chun feidhme Chéim II den phróiseas agus fuair na tuairiscí míosúla agus ráithiúla ar thearmann. Ar deireadh, d'fhormhuinigh Bord Bainistíochta EASO straitéis Cumarsáide EASO, cheap sé comhaltaí de choiste stiúrtha na meastóireachta seachtraí ar EASO agus fuair sé an t-eolas is déanaí go rialta maidir leis an bpróiseas meastóireachta.

## 4.2. Comhar leis an gCoimisiún Eorpach, Comhairle AE agus Parlaimint na hEorpa

| Comhar EASO le hInstitiúidí AE in 2014 |
|---|
| Cruinnithe rialta leis an gCoimisiún Eorpach |
| 2 Chuairt ardleibhéil eagraithe le Comhairle AE agus leis an gCoimisiún Eorpach |
| 10 gcruinniú le Comhairle AE |
| 3 Chomhchruinniú Coiste Teagmhálaithe |

Mar ghníomhaireacht neamhspleách AE, gníomhaíonn EASO laistigh de bheartais agus de chreat institiúideach AE. In 2014, chuir EASO a Chlár Oibre Bliantúil, a Thuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE, a Thuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil, a chuntais deiridh agus tuarascáil mhachnaimh ar chúrsaí sa Bhulgáir faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle AE agus an Choimisiúin Eorpaigh, i measc eile; anuas air sin, chuir EASO a hionchur ar threoirlínte ilbhliantúil JHA i láthair institiúidí AE.

Maidir leis an gCoimisiún Eorpach, eagraíodh cruinnithe déthaobhacha rialta idir EASO agus an Coimisiún Eorpach ag leibhéil dhifriúla. Lean an comhar struchtúrtha leis an gCoimisiún Eorpach mar chomhalta foirmiúil de Bhord Bainistíochta EASO. Thug Coimisinéir Gnóthaí Baile Cecilia Malmström cuairt ar EASO i Meán Fómhair lena raibh bainte amach ag EASO a phlé mar aon leis an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn a fheabhsú, chomh maith leis na treochtaí tearmainn is déanaí a phlé.

Rinneadh forbairt bhreise ar chaidreamh idir EASO agus AS Gnóthaí Baile. Bhí EASO i ndlúthchomhar le hAS Gnóthaí Baile maidir le riaracháin agus ar chúrsaí beartais agus oibriúcháin. Ina theannta sin, bhí EASO i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún i eagrú cruinnithe droim ar dhroim le cruinnithe na gCoistí Teagmhálaithe ar an treoir maidir le cáilíochtaí, an treoir um nósanna imeachta tearmainn agus Baile Átha Cliath.

Thairis sin, chomhordaigh EASO na próisis maidir le dréachtú na dtuarascálacha bliantúla ar thearmann faoi seach leis an gCoimisiún Eorpach agus an Gréasán Imirce na hEorpa (EMN). In 2014, bhí EASO rannpháirteach go rialta i gcruinnithe Bhord Stiúrtha EMN agus i gcruinnithe NCP.

In 2014, d'fheabhsaigh EASO a comhar le hASanna eile agus le seirbhísí an Choimisiúin, amhail an AS um Fhorbraíocht agus um Chomhar-EuropeAid (AS DEVCO) agus EEAS um fhorbairt Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí EASO agus cur chun feidhme an tionscadail ENPI, agus Eurostat i dtaca le bailiú sonraí ar thearmann. Cuireadh comhar rialta ar ghnéithe buiséid agus airgeadais, agus ar acmhainní daonna, chun cinn in 2014 le hAS um an mBuiséad agus AS um Acmhainní Daonna, faoi seach.

I dtaca le Comhairle AE, bhí EASO rannpháirteach, faoi Uachtaránachtaí na Gréige agus na hIodáile ar an gComhairle, i gceithre chruinniú de chuid Chomhairle Airí um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus i sé chruinniú ag an gCoiste Straitéiseach um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA) agus cruinnithe grúpa oibre ardleibhéil. Chuir EASO leis an bplé, go háirithe ar staid an tearmainn in AE, agus fócas ar leith ar an tSiria agus ar Réigiún na Meánmhara, ar Plean Gníomhaíochta AE ar bhrúnna imirceacha, ar chomhphróiseáil na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus ar ghníomhartha laistigh de Thascfhórsa na Meánmhara. Ar deireadh, d'óstáil EASO cuairt toscaireachta ardleibhéil ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, faoi cheannas an tUas. Rafael Fernandez-Pita, Ard-Stiúrthóir um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

Maidir le Parlaimint na hEorpa, bhí EASO rannpháirteach i gcruinnithe coistí éagsúla de chuid CONT agus LIBE (Saoirsí Sibhialta, Ceartas agus Gnóthaí Baile.), ag soláthar bileoga eolais ar threochtaí agus anailís agus ag cur na dtuarascála bliantúla ar staid an tearmainn in AE agus na tuarascála gníomhaíochta bliantúla 2013 EASO ina láthair. Ina theannta sin, d'eagraigh EASO lá faisnéise i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil ag soláthar ábhar faisnéise ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta.




**Fíor 2: Líonra pháirtithe leasmhara EASO**

## 4.3. Comhar le UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile

| Torthaí ar chomhar EASO le UNHCR agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta eile in 2014 |
|---|
| **Cruinniú ardleibhéil le hArd-Choimisinéir NA le haghaidh Dídeanaithe** |
| **Cruinniú déthaobhach le Rapóirtéir Speisialta NA maidir le Cearta Daonna na nImirceach** |
| **Rannpháirtíocht rialta i gcruinnithe GDISC agus ICG** |

I gcomhlíonadh a chuid cúraimí, ghníomhaigh EASO in 2014 i ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile. Shínigh EASO agus UNHCR socrú oibre in 2013,rud a neartaigh comhar sna réimsí uile atá clúdaithe ag Rialachán EASO. In 2014, clúdaíodh i gcomhar le UNHCR go sonrach na réimsí seo a leanas: oiliúint, próisis cháilíochta, treochtaí agus anailís, mionaoisigh neamhthionlactha, athshocrú, an ghné sheachtrach den CEAS agus maidir le réimse na tacaíochta speisialta agus éigeandála. Tionóladh cruinniú leis an Ard-Choimisinéir António Guterres i Meán Fómhair 2014 agus d'óstáil EASO comhairliúchán ardbainistíochta i mí Lúnasa 2014. Ghlac UNHCR páirt i mBord Bainistíochta EASO mar chomhalta gan vóta agus scaip bileoga eolais go poncúil. Anuas air sin, ghlac buanoifig chaidrimh UNHCR le EASO, atá lonnaithe i Málta, páirt ghníomhach i ngníomhachtaí de chuid EASO le linn na bliana, ag freastal ar bhreis agus 30 cruinniú agus ceardlann.

Bhí cruinniú déthaobhach ann freisin idir Rapóirtéir Speisialta NA maidir le Cearta Daonna na nImirceach (UNSRM), an tUas. Crépeau agus EASO, nuair a thug sé cuairt ar Mhálta. Chomhroinn EASO faisnéis ar a chuid oibre agus thug sé forbhreathnú ar treochtaí tearmainn agus staidrimh le déanaí in AE+.

Choinnigh EASO dlúth-theagmháil freisin le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile a bhíonn ag obair i réimsí an tearmainn, amhail Comhairle na hEorpa, Stiúrthóirí Ginearálta na Comhdhála Seirbhísí Inimirce (GDISC), na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe (IGC) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Maidir le Comhairle na hEorpa agus IOM, thug EASO faoi mhalartú tuairimí go rialta leo agus ghlac páirt ina gcuid oibre. I dtaca le GDISC, ghlac EASO páirt i gcruinnithe an Bhoird Stiúrtha, comhdhálacha agus ceardlanna GDISC, agus, ar bhunús mhalartú litreacha le IGC, d'fhreastail EASO ar roinnt grúpaí oibre an IGC ghlac an stiúrthóir feidhmiúcháin páirt i mbabhta iomlán IGC.

## 4.4. Comhar leis na tíortha comhlachaithe

| Torthaí ar chomhar EASO le tíortha comhlachaithe in 2014 |
|---|
| **Cur chun feidhme sealadach an tsocraithe maidir le rannpháirtíocht na hIorua in EASO** |

Glacadh Cinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh 2014/301/AE maidir leis an socrú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua ar mhódúlachtaí a rannpháirteachais san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn i mBealtaine 2014. Idir Lúnasa agus Meán Fómhair tháinig ionadaithe as an Iorua agus EASO le chéile dhá uair i Málta agus in Osló le praiticiúlachtaí a bhaineann leis an socrú, atá i bhfeidhm go sealadach ó Mhárta 2014, a chur i gcrích. Áiríodh ranníocaíocht ón Iorua i mbuiséad EASO agus bhí páirt ghníomhach ag oifigigh Ioruacha i ngníomhaíochtaí a d'eagraigh EASO.

Cuireadh tús le socruithe leis na tíortha comhlachaithe eile (Lichtinstéin, an Íoslainn agus an Eilvéis) in 2013 agus tá siad faoi chéimeanna difriúla sa phróiseas idirbheartaíochta agus daingnithe.

## 4.5. Comhar le Gníomhaireachtaí AE

| Comhar EASO le Gníomhaireachtaí AE i bhfigiúirí in 2014 |
|---|
| **3 chruinniú don ghrúpa teagmhála le Gníomhaireachtaí CGB eagraithe** |
| **Cruinniú do Cheannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB eagraithe** |
| **Cruinniú do phreasoifigigh agus d'iolraitheoirí cumarsáide CGB eagraithe** |
| **Socrú oibre le eu-LISA sínithe** |
| **Rannpháirtíocht i gcruinnithe líonra 4 ghníomhaireacht AE** |

In 2014, ghlac EASO chathaoirleacht ar líonra na ngníomhaireachtaí CGB. Le linn na bliana sin, dhírigh na Gníomhaireachtaí CGB a gcuid gníomhaíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha timpeall dhá príomhleibhéal: comhar straitéiseach agus cothrománach, ar thaobh amháin, agus comhar oibríochtúil ar an taobh eile. Bhí baint ghníomhach ag an gCoimisiún Eorpach (trí AS Gnóthaí Baile agus AS an Cheartais araon mar chomhpháirt AS) agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) agus ghlac páirt ghníomhach in obair líonra Ghníomhaireachtaí CGB.




**Pictiúr 8: Cruinniú iomlánach an Fhóraim Chomhchomhairligh**

Le linn 2014, choinnigh Gníomhaireachtaí CGB teagmhálacha buana agus neamhfhoirmiúla agus thionól cruinnithe rialta maidir lena ngníomhaíochtaí. D'fhonn a mbealaí comhair agus comhordaithe a bhreisiú tuilleadh, tionóladh trí chruinniú don ghrúpa Teagmhála CGB ag ceanncheathrú EASO i Málta Eanáir, Aibreán agus Meán Fómhair, agus d'eagraigh EASO cruinniú do Cheannasaithe na nGníomhaireachtaí CGB i Samhain. Beartaíodh agus cuireadh chun feidhm líon suntasach gníomhaíochtaí le linn na bliana laistigh de líonra Gníomhaireachtaí CGB. D'eagraigh EASO cruinniú saineolaithe ar Gháinneáil ar dhaoine, cruinniú comhordaithe oiliúna agus cruinniú do phreasoifigigh agus d'iolraitheoirí cumarsáide CGB le rannpháirtíocht Gníomhaireachtaí CGB.

Ag an leibhéal straitéiseachitéiseach, bhí EASO i ndlúthchomhar le líonra Gníomhaireachtaí CGB le comhcháipéis ([29]) a fhorbairt chun saincheisteanna cothrománacha comhleasa a shainaithint agus an t-ionchur comhair idir-ghníomhaireachta chun treoirlínte straitéiseacha um pleanáil reachtaíochta agus oibríochtúil a chur chun feidhme sna blianta amach anseo i réimse CGB. Chomhordaigh EASO ullmhú thuarascáil deiridh na nGníomhaireachtaí CGB ar ghníomhaíochtaí comhair in 2014. Chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO an tuarascáil faoi bhráid an Bhuanchoiste um an Comhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) i Nollaig agus comhroinneadh í le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach í.

Shínigh EASO agus eu-LISA socrú oibre ([30]) an 4 Samhain 2014, le comhar idir an dá ghníomhaireacht atá gníomhach i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile a neartú.

I gcomhthéacs líonra níos forleithne na ngníomhaireachtaí díláraithe AE, ghlac EASO páirt ghníomhach le linn 2014 i gceithre chruinniú do Cheannairí Riaracháin agus Ceannairí na nGníomhaireachtaí, agus chuir leis na comhairliúcháin agus suirbhéanna éagsúla.

## 4.6. An Fóram Comhchomhairleach

| Torthaí Fhóram Chomhchomhairligh EASO in 2014 |
|---|
| 3 ghrúpa dírithe ar chomhairliúcháin cruthaithe |
| i gcomhairle le 70 eagraíocht |
| Cruinniú iomlánach lá go leith sa Bhruiséil le comhdháil théamach |
| 100 ionchur ón tsochaí shibhialta |
| Comhdháil le Tuarascáil Bhliantúil ar staid an tearmainn in AE 2013 a lainseáil |


Sainaithnítear feidhmiú na sochaí sibhialta i réimse an tearmainn tríd an líon mór eagraíochtaí gníomhacha ilghnéitheacha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus Idirnáisiúnta. Tá ról tábhachtach ag na heagraíochtaí sin, ina bhfoirmeacha agus feidhmeanna éagsúla, maidir le plé agus le cur chun feidhme beartas agus cleachtas tearmainn ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal AE freisin, agus bhí ról lárnach acu maidir le tacú le cothroime agus le cruinneas na nósanna imeachta tearmainn, go háirithe trí chásanna ar leith a chur os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí ar Chearta an Duine. Tá idirphlé dhá bhealach á fhorbairt ag EASO leis an tsochaí shibhialta in éineacht lena chuid gníomhaíochtaí le linn na mbliana. In 2014, bunaíodh trí ghrúpa dírithe ar chomhairliúcháin, chuathas i gcomhairle le breis agus 70 eagraíocht ar cháipéisí tábhachtacha EASO, lena n-áirítear Clár oibre 2015, an Tuarascáil Bhliantúil ar staid an tearmainn in AE 2013, ábhar oiliúna, uirlisí cáilíochta agus tuarascálacha COI. Lainseáladh an Tuarascáil Bhliantúil don phobail sa Bhruiséil an 7 Iúil i rith comhdhála ina raibh timpeall 100 rannpháirtí ón tsochaí shibhialta i láthair. D'iarr an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar chomhaltaí den Fhóram Comhchomhairleach, trí ghairm oscailte ar ionchur a foilsíodh ar láithreán gréasáin EASO in 2014, faisnéis a sholáthar faoin obair a rinne siad le linn na bliana a chuir le CEAS a chur chun feidhme dar leo, ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach.

Chuir EASO gach ionchur ábhartha a fuarthas ón tsochaí shibhialta san áireamh. Thionól EASO an seisiún iomlánach ([31]) den Fhóram Comhchomhairleach i Nollaig 2014 sa Bhruiséil Ba é mar aidhm an chruinnithe breathnú ar thaithí ar chomhar leis an tsochaí shibhialta le linn na bliana seo a chuaigh thart, ceachtanna foghlamtha a shainaithint agus réimsí ar leith a shocrú maidir le comhar sa todhchaí. Chláraigh breis agus 100 rannpháirtí don chruinniú as timpeall 60 eagraíocht difriúla. Lasmuigh de na gnáthphlé dírithe ar bhaint na sochaí sibhialta sna réimsí difriúla in obair EASO, áiríodh sa chruinniú 2014 comhdháil théamach lá iomlán

([29]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/20141105-HoAgencies-Joint-statement-FINAL.pdf

([30]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Working-arrangement-EASO-eu-LISA.pdf

([31]) https://easo.europa.eu/easo-consultative-forum/report-of-the-4th-consultative-forum-plenary-meeting/




**Fíor 3: Cairt eagraíochtúil EASO**

ina raibh breis agus 20 cainteoir ag díriú ar phleanáil theagmhasach, freagairtí na mBallstát do shruth na n-iarrthóirí tearmainn as Eiritré, stádais dhifriúla cosanta a tugadh d'iarratasóirí na Siria agus úsáid Airteagal 15 den treoir maidir le cáilíochtaí (ar cháiliú do chosaint choimhdeach). Léirigh na rannpháirtithe a sástacht leis an ngníomh agus d'iarr tuilleadh rannpháirtíochta idir EASO agus an tsochaí shibhialta.

# 5. Eagrúchán EASO

## 5.1. Bainistíocht acmhainní

In 2014, bhí a Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar cheann ar struchtúr eagraíochtúil inmheánach EASO, le tacaíocht dhíreach ó Oifig Feidhmiúcháin, ceathrar Ceannairí de na hAonaid/Lárionaid seo a leanas, agus ón Oifigeach Cuntasaíochta:

- An tAonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin (GAAU)
- An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse (CIDA)
- An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta (COS)
- An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais (CTQE)

Le linn na bliana, thionóil an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na 4 Cheannaire Aonaid/Lárionaid Cruinniú seachtainiúil den Fhoireann Bhainistíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun cinn ghníomhaíochtaí agus eagraíocht EASO agus chun gníomhaíochtaí le teacht a phlé. Forlíonadh iad le cruinnithe téamacha sinsearacha arna n-eagrú ar chúrsaí príomhábhar cothrománach a bhain leis an eagraíocht.

Gan dochar do na mionsonraí arna gcur ar fáil sa Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil Chomhdhlúite 2014, ba é forbhreathnú ar an bhfoireann agus ar an mbuiséad mar seo a leanas in 2014. Bhí 79 mball foirne ag EASO ag deireadh 2014, lena n-áirítear 34 Riarthóir, 14 Chúntóir, 19 nGníomhaí conartha agus 12 Saineolaí

Náisiúnta ar Iasacht. Bhí 23 náisiúntacht as Ballstáit AE in EASO ag deireadh 2014. Chuir EASO 25 nós imeachta earcaíochta i gcrích, le roinnt iomaíochta ar phoist a réamhbheartaíodh sa phlean bunaíochta 2014 nár cuireadh i gcrích go dtí tús na bliana dár gcionn.Ba í an chothromaíocht inscne i measc fhoireann EASO 47 ban (59 %) agus 32 fear (41 %). Chomhlíon Coiste Foirne EASO a tógadh Meán Fómhair 2013 a chuid gníomhaíochtaí go rialta de réir a shainordaithe.

In 2014, rinne EASO an chéad chleachtadh bliantúil maidir le breithmheas na foirne. Clúdaíodh i gcás eisceachtúil an bhliain 2012 in éineacht le 2013 sa chéad tuarascáil bhreithmheasa bhliantúil do bhaill na foirne a bhí i bhfostaíocht ghníomhach le linn na mbliana sin. I ndiaidh an bhreithmheasa feidhmíochta, déanfar an chéad athaicmiú in 2015 mar earcaíodh daoine de na gníomhaí sealadacha agus conartha ón dara leath de 2011 agus beidh i dteideal ardú céime dá réir. Tá na rialacha agus na forálacha a chuir EASO i bhfeidhm i gcomhlíonadh le forálacha ábhartha na Rialachán Foirne, mar atá Airteagal 43 agus 45, agus Airteagal 15, 54 agus 87 den CEOS.

Ghlac an Bord Bainistíochta i mBealtaine 2014 Cinneadh maidir le hionchur EASO maidir le táillí scolaíochta ar leanaí atá ag freastail ar scoil phríobháideach/idirnáisiúnta i Málta agus le tacú lena gcuimsiú sa timpeallacht áitiúil. Réamhbheartaítear sa Chinneadh tacaíocht airgeadais leordheonach a sholáthar do bhaill na foirne a bhfuil leanaí acu atá ag freastail ar na scoileanna sin, agus ag cur san áireamh freisin forbairt cur chuige inbhuanaithe agus cothrom idir tacaíocht airgeadais do tháillí scolaíochta bliantúla agus caiteachas na Gníomhaireachta. D'eagraigh EASO líon imeacht cultúrtha agus sóisialta don fhoireann, lena n-áirítear ocht ngníomhaíocht théamacha, in 2014. Ba í an aidhm a bhí leo foireann EASO a choinneáil ar an eolas maidir le saincheisteanna móra agus a bheith mar ghníomhaíochtaí um neartú foirne.

Maidir leis an mbuiséad agus lena chur chun feidhme, b'ionann buiséad EASO in 2014 agus timpeall EUR 15.6 mhilliún i leithreasaí gealltanais agus íocaíochta, lena n-áirítear maoiniú atá beartaithe don tionscadal ENP agus an ranníocaíocht airgeadais ón Iorua. Rinneadh athbhreithniú meántéarmach agus ceann bliana ar an mbuiséad agus glacadh dhá leasú buiséid in 2014.

Rinne EASO comhdhlúthú sa bhreis ar phleanáil, mhonatóireacht agus ar thuairisciú maidir le próisis soláthair agus chonartha. D'éirigh léi i gcur chun feidhme an phlean soláthair, tacú le hiompar 5 ghairm oscailte, 5 thairiscint faoi EUR 60 000, 83 nós imeachta idirbheartaíochta faoi EUR 15 000, 2 nós imeachta idirbheartaíochta eisceachtúil. San iomlán tugadh 2 200 chomhairle a bhaineann le soláthar agus cuireadh leanúint suas leanúnach ar fáil.

Sa réimse theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), feabhsaíodh bonneagar TFC le tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla, go háirithe sa réimse EPS, Comhthairseach COI agus scaipeadh faisnéise. Críochnaíodh fiche tionscadal TFC go rathúil, glacadh Plean Bainistíochta Tionscadal um Rialachas agus dréachtaíodh Straitéis TFC. Cuireadh an bonneagar teicniúil athshlánaithe ó thubaiste i gcrích agus réidh le bogadh chuig eu-Lisa.

I gcomhréir le moltaí ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, rinne EASO a cuid rialuithe inmheánacha a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh de réir Caighdeáin rialaithe inmheánaigh a glacadh Samhain 2012. I dteannta leis an iniúchadh ar na cuntais bhliantúla, in 2014 rinne IAS tuarascáil iniúchta ar thacaíocht oibríochtúil EASO a sheachadadh agus forbraíodh plean gníomhaíochta chun tabhairt faoi na moltaí a bhí sa tuarascáil. Tá tagairtí ar ghníomhaíochtaí i dtaca leis sin i Roinn 1 de Chuid II sa Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil seo.

## 5.2. Cumarsáid inmheánach agus seachtrach

Bhain EASO forbairtí tábhachta amach i réimse na cumarsáide inmheánaí agus seachtraí in 2014 a bhí mar aidhm acu méadú a chur ar fhor-rochtain agus ar phríomhshruthú scaipeadh na faisnéise. Mar thoradh air sin, bhí 78 % de mhéadú i líon na síntiúsóirí don nuachtlitir, láithreacht faoi dhó sa phreas agus 30 % de mhéadú ar chuairteanna ar leathanach gréasáin EASO i gcomparáid le 2013. Ghlac an Bord Bainistíochta straitéis chumarsáide Meitheamh 2014, 20 preaseisiúint agus eisíodh 10 n-eagrán de nuachtlitir EASO, dhá phreasocáid agus tionóladh 15 agallamh. Rinneadh monatóireacht ar sleachta preasa agus ar chlúdach preasa gach lá. Rinne EASO bainistíocht éifeachtúil ar bhosca poist eolais EASO agus thug freagraí do 600 ceist ríomhphoist. Seachadadh nóta seachtain chun tosaigh le faisnéis don fhoireann gach seachtain ó mhí Márta agus bunaíodh an tairseach inmheánach. Rinneadh forbairt ar bhealaí úrnua cumarsáide leis na meáin shóisialta, le Facebook agus le YouTube. Shínigh EASO creatchonradh nua in 2014 i gcomhair uasghrádú an láithreáin ghréasáin, cothabháil agus óstáil ar feadh tréimhse 4 bliana.

Neartaigh EASO a chaidreamh le comhaltaí straitéiseacha d'eagraíochtaí na meán ábhartha. Ina theannta sin, eagraíodh cruinniú d'iolraitheoirí cumarsáide agus tionóladh lá faisnéise EASO an 19 Meitheamh 2014 i mBallstáit agus i bParlaimint na hEorpa chomh maith.

In 2014, d'fhoilsigh EASO 34 fhoilseachán, lena n-áirítear cáipéisí clárúcháin, tuarascálacha, ábhair oiliúna, lámhleabhair, bróisiúir i gcomhréir lena haitheantas




**Pictiúr 9: Lá faisnéise EASO sa Bheilg**

fisiúil. Cuireadh tús le físeán corparáideach EASO([32]) agus cuireadh i gcrích é ag tús 2015. Scaipeadh marsantacht freisin.

Maidir le bainistíocht doiciméad, faomhadh Sceideal um Dhoiciméid Riaracháin a Rangú agus a Choinneáil agus dréachtaíodh an Beart Bainistíochta Doiciméad.

Fuarthas cúig fhógra faoi Airteagal 25, Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus cuireadh isteach trí réamhsheiceáil don EDPS (Airteagal 27, Rialachán (CE) Uimh. 45/2001). Rinneadh leasú chun dáta ar oibríochtaí próiseála fhardal sonraí pearsanta agus ar an gClár um Próiseáil Sonraí Pearsanta (Airteagal 26, "Rialachán (CE) Uimh. 45/2001"). Glacadh Cairt Cúraimí agus Freagrachtaí ag an Oifigeach Cosanta Sonraí agus cuireadh foireann nua faoin gcéad oiliúint ionduchtúcháin ar Chosaint Sonraí.

Faomhadh Beart Slándála EASO i Meitheamh agus cuireadh an Nós imeachta slándála maidir le doiciméid rúnaicmithe EUCI a láimhseáil i gcrích.

## 5.3. Meastóireacht sheachtrach EASO

Foráiltear in Airteagal 46 de Rialachán EASO go ndéanfar EASO meastóireacht sheachtrach neamhspleách a choimisiúnú ar an méid a baineadh amach aici. Is é príomhchuspóir na meastóireachta seo measúnú a dhéanamh ar bhreisluach, tionchar, éifeachtacht agus cleachtais oibre sna chéad bhlianta i bhfeidhm maidir lena sainordú a chur chun feidhme, agus sa dóigh sin, ag cur le cur chun feidhme CEAS, lena n-áirítear an pacáiste reachtaíochta nua le haghaidh tearmainn. Clúdófar an tréimhse Meitheamh 2011 — Meitheamh 2014 sa mheastóireacht neamhspleách.

Rinne Bord Bainistíochta EASO beirt dá chomhaltaí a ainmniú bheith mar chuid de Ghrúpa Stiúrtha in éineacht le beirt d'fhoireann EASO. Tar éis Téarmaí Tagartha a ghlacadh agus an nós imeachta soláthair lena mbaineann a chur i bhfeidhm, dámhadh an conradh i nDeireadh Fómhair 2014 do Ernst & Young.

Bhí cruinniú tosaigh ar an meastóireacht i Málta an 20 Deireadh Fómhair 2014 agus sheachaid an conraitheoir tuairisc tionscanta i Nollaig. Cuireadh tús leis an gcéim le sonraí a bhailiú le breathnú ar chruinniú an Bhoird Bhainistíochta agus ar chruinniú iomlánach den Fhóram Comhchomhairleach le hathbhreithniú deisce. Rinneadh modhanna a fhorbairt maidir le bailiú sonraí d'fhonn suirbhé a lainseáil chuig príomhpháirtithe leasmhara EASO, agallaimh leath struchtúrtha a dhéanamh agus cás-staidéir dhírithe a fhorbairt. Leanfar an chéim um bailiú sonraí le linn na chéad seimeastar 2015. Táthar ag súil go seachadfaidh an conraitheoir tuarascáil deiridh faoi Iúil 2015.

([32]) https://easo.europa.eu/download/75282/

# 6. Iarscríbhinní

## 6.1. Feidhmiú buiséid agus tuarascáil airgeadais

### Tábla 1 Feidhmiú buiséid leithreasaí gealltanais 2014

| Leithreasuithe gealltanais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teideal Buiséid | Foinse Ciste | Buiséad reatha | Feidhmiú reatha | Iarmhéid fágtha | Cóimheas (%) |
| Teideal 1 | C1 | 6 130 000.00 | 5 650 007.36 | 479 992.64 | 92.17 % |
| | C4 | 1 454.12 | 1 115.63 | 338.49 | 76.72 % |
| | C5 | 447.45 | 447.45 | 0.00 | 100.00 % |
| | C8 | 149 606.18 | 78 579.70 | 71 026.48 | 52.52 % |
| | R0 | 100 000.00 | 6 000.00 | 94 000.00 | 6.00 % |
| Teideal Iomlán 1 | | 6 381 507.75 | 5 736 150.14 | 645 357.61 | 89.89 % |
| Teideal 2 | C1 | 2 509 844.94 | 2 185 386.17 | 324 458.77 | 87.07 % |
| | C5 | 29 045.91 | 29 045.91 | 0.00 | 100.00 % |
| | C8 | 540 269.20 | 464 878.50 | 75 390.70 | 86.05 % |
| | R0 | 235 349.36 | 43 569.59 | 191 779.77 | 18.51 % |
| Teideal Iomlán 2 | | 3 314 509.41 | 2 722 880.17 | 591 629.24 | 82.15 % |
| Teideal 3 | C1 | 6 027 000.00 | 4 585 582.71 | 1 441 417.29 | 76.08 % |
| | C4 | 12 496.32 | 1 020.12 | 11 476.20 | 8.16 % |
| | C8 | 1 922 539.53 | 1 559 682.69 | 362 856.84 | 81.13 % |
| Teideal Iomlán 3 | | 7 962 035.85 | 6 146 285.52 | 1 815 750.33 | 77.19 % |
| Teideal 4 | R0 | 661 780.21 | 614 645.40 | 47 134.81 | 92.88 % |
| Teideal Iomlán 4 | | 661 780.21 | 614 645.40 | 47 134.81 | 92.88 % |
| **Leithreasaí Gealltanais Iomlán** | | **18 319 833.22** | **15 219 961.23** | **3 099 871.99** | **83.08 %** |

### Tábla 2 Feidhmiú buiséid leithreasaí íocaíochta 2014

| Leithreasaí íocaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teideal Buiséid | Foinse Ciste | Buiséad reatha | Feidhmiú reatha | Iarmhéid fágtha | Cóimheas (%) |
| Teideal 1 | C1 | 6 130 000.00 | 5 432 167.53 | 697 832.47 | 88.62 % |
| | C4 | 1 454.12 | 1 115.63 | 338.49 | 76.72 % |
| | C5 | 447.45 | 447.45 | 0.00 | 100.00 % |
| | C8 | 149 606.18 | 78 579.70 | 71 026.48 | 52.52 % |
| | R0 | 100 000.00 | 0.00 | 100 000.00 | 0.00 % |
| Teideal Iomlán 1 | | 6 381 507.75 | 5 512 310.31 | 869 197.44 | 86.38 % |
| Teideal 2 | C1 | 2 509 844.94 | 1 576 537.73 | 933 307.21 | 62.81 % |
| | C5 | 29 045.91 | 29 045.91 | 0.00 | 100.00 % |
| | C8 | 540 269.20 | 464 878.50 | 75 390.70 | 86.05 % |
| | R0 | 235 349.36 | 0.00 | 235 349.36 | 0.00 % |
| Teideal Iomlán 2 | | 3 314 509.41 | 2 070 462.14 | 1 244 047.27 | 62.47 % |
| Teideal 3 | C1 | 6 027 000.00 | 3 453 372.96 | 2 573 627.04 | 57.30 % |
| | C4 | 12 496.32 | 11 514.45 | 981.87 | 92.14 % |
| Teideal Iomlán 3 | | 6 039 496.32 | 3 464 887.41 | 2 574 608.91 | 57.37 % |
| Teideal 4 | R0 | 661 780.21 | 254 105.23 | 407 674.98 | 38.40 % |
| Teideal Iomlán 4 | | 661,780.21 | 254 105.23 | 407 674.98 | 38.40 % |
| **Leithreasaí Íocaíochta Iomlán** | | **16 397 293.69** | **11 301 765.09** | **5 095 528.60** | **68.92 %** |

## 6.2. Briseadh síos ar fhoireann EASO ón 31 Nollaig 2014


| Feidhm an ghrúpa agus grád | 2014 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Údaraithe faoi Bhuiséad AE | | Comhlíonta amhail an 31/12/2014 | |
| | Oifigigh | Poist shealadacha | Poist bhuana | Poist shealadacha |
| **AD 16** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AD 15** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AD 14** | 0 | 1 | 0 | 1 |
| **AD 13** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AD 12** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AD 11** | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **AD 10** | 0 | 4 | 0 | 3 |
| **AD 9** | 0 | 4 | 0 | 4 |
| **AD 8** | 0 | 8 | 0 | 8 |
| **AD 7** | 0 | 9 | 0 | 9 |
| **AD 6** | 0 | 3 | 0 | 3 |
| **AD 5** | 0 | 7 | 0 | 6 |
| **Iomlán AD** | 0 | **37** | 0 | **34** |
| **AST 11** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AST 10** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AST 9** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AST 8** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AST 7** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AST 6** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AST 5** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **AST 4** | 0 | 2 | 0 | 2 |
| **AST 3** | 0 | 6 | 0 | 6 |
| **AST 2** | 0 | 1 | 0 | 1 |
| **AST 1** | 0 | 5 | 0 | 5 |
| **Iomlán AST** | **0** | **14** | **0** | **14** |
| **IOMLÁN** | **0** | **51** | **0** | **48** (32) |
| **MÓRIOMLÁN** | **51** | | **48** | |

| SNE | Údaraithe 2014 | Earcaithe amhail an 31/12/2014 |
|---|---|---|
| Iomlán | 14 | 12 |


| Gníomhairí Conartha | Údaraithe 2014 | Earcaithe amhail an 31/12/2014 |
|---|---|---|
| **FG IV** | 8 | 7 |
| **FG III** | 8 | 8 |
| **FG II** | 3 | 2 |
| **FG I** | 2 | 2 |
| **Iomlán** | 21 | 19 (33) |

(32) Litreacha tairisceana san áireamh
(33) Ibidem.

**Iomlán na foirne de réir inscne (sonraí go dtí 31.12.2014)**





**Cothromaíocht Náisiúnta EASO (sonraí go dtí 31.12.2014)**




| | BE | BG | CZ | DE | DK | EL | ES | FI | FR | HU | IE | IT | LV | MT | NL | PL | PT | RO | SE | SK | UK |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Náisiúntacht | 6 | 4 | 2 | 4 | 1 | 2 | 3 | 2 | 7 | 1 | 2 | 12 | 2 | 6 | 4 | 5 | 2 | 7 | 2 | 3 | 1 |
| Céatadán | 8 % | 5 % | 3 % | 5 % | 1 % | 3 % | 4 % | 3 % | 9 % | 1 % | 3 % | 15 % | 3 % | 8 % | 5 % | 6 % | 3 % | 9 % | 3 % | 4 % | 1 % |

**Cothromaíocht Náisiúnta EASO (sonraí go dtí 31.12.2014)**



## 6.3. Foilseacháin EASO in 2014

| Teideal | Teanga |
|---|---|
| 10 issues of EASO Newsletter | EN |
| EASO Communication Plan 2014 | EN |
| EASO Communication Strategy 2014 | EN |
| Clár Oibre EASO 2015 | Gach teanga an AE |
| Multi-Annual Work Programme 2014-2016 | EN |
| Tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO 2013 | Gach teanga AE |
| EASO report on the situation of asylum in the EU 2013 | EN, FR, ES, DE, IT |
| Brochure on JHA Agencies | EN |
| EASO External Action Strategy (Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí EASO) | EN |
| 12 issues of monthly trend analysis report | EN |
| Bróisiúr EASO 2014 | Gach teanga AE, Araibis |
| 4 issues Quarterly Asylum Reports | EN |
| Curaclam Oiliúna EASO Handbook on the Common European Asylum System Module | EN |
| EASO Training Curriculum | EN |
| Stock taking report on the Asylum Situation in Bulgaria | EN |
| Joint assessment on preparedness of selected EU Member States for a possible influx of persons from Ukraine | EN |
| Quality Matrix Report: Eligibility | EN |
| Assessment of possible migratory and security impacts of future visa liberalisation for Georgian citizens | EN |
| EASO Flyer | EN |
| EASO Operating Plan for Greece: Interim Assessment of Implementation | EN |
| Quality Matrix Report: Evidence Assessment (restricted version) | EN |
| Quality Matrix Report: Evidence Assessment (restricted version) | EN |
| Quality Matrix Report: Eligibility (restricted version) | EN |
| EASO Training Curriculum: Modúl oiliúna ar ghlacadh forbartha | EN |
| EASO Training Curriculum – Handbook on the Interview Techniques module | EN |
| Terms of reference for EASO's Training and Expert Pool | EN |
| EASO Practical Guide: Personal Interview | EN |
| Article 15 (c) Qualification Directive (2011/95/EU) A judicial analysis | EN |
| EASO Practical guide: Tools and Tips for Online COI research | EN |
| EASO COI Report on Somalia: Country overview | EN, SK |
| EASO COI report on Chechnya: Women, Marriage, Divorce and Child custody | EN, IT, FR, DE, PL |
| Update on Iraq | EN |
| Update on Ukraine | EN |
| Update on Eritrea | EN |

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith in AE) (*).

  (*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

BZ-AD-15-001-GA-N

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9243-470-0